

# **AN tIDIRCHLÁR**

**Arraingeacha  
Báis an  
Chaipitleachais  
agus Cúraimí  
an Cheathrú  
hIdirnáisiúntán**



le  
**Leon  
Trotscaí**

# AN TDIRCHLÁR

**Arraingeacha Báis an Chaipitleachais  
agus Cúraimí an Cheathrú hIdirnáisiúntán**

le  
**Leon Trotscaí**

*D R O'CONNOR LYSAGHT  
Baile Átha Cliath  
2013*

*I gcuimhne ar*

**GEARÓID Ó FOGHLÚ  
(1938-2012)  
GERRY FOLEY**

*sóisialai réabhlóideach  
cara d'Éirinn  
fear ilteangach*

# RÉAMHFHOCAL

*le D R O'Connor Lysaght*

Tá an cháipéis ar a dtugtar go hoifigiúil *Arraingeacha Báis an Chaipitleachais agus Cúraimí an Cheathrú hildirnáisiúntán*, nó *An tIdirchlár* mar is fearr aithne air, ar cheann de na leithscéalta is mó le cáineadh an Bhoilséiveachais-Leinineachais. Go bunúsach, bionn trí bhun le hionsaithe dá leithéid. Ar an gcéad dul sios, gur éilimh dho-dhéanta iad idiréilimh mar nach féidir iad a bhaint amach gan an stát buirgéiseach a lagú. Ar an dara dul sios, nach clár rialtais atá iontu. Is é an tríú hargoint ina n-aghaidh gur athchumadh ar an gcleachtas Marxach iad.

Is fior don chéad argóint. Cuirtear éilimh dá leithéid chun cinn d'fhonn oibrithe agus na hidiraicmí a shlógadh i gcomhair threascairt an stáit. Ní haidhm dóibh gur féidir iad a bhaint amach taobh istigh dá theorainneacha, cé go bhféadfaí corréileamh mar seo a bhaint amach mar sin de réir mar a chuirtear an réabhlóid siar. Tá dhá chontúirt anseo. Is é an chéad chontúirt, in aimsir frithghnímh mar atá i réim le tríocha bliain anuas, go dtréigtear éilimh dá leithéid ar fad le moltaí a chur chun cinn ar follasaí gur féidir iad a bhaint amach. Is í an fhírinne go geaithfidh páirtí réabhlóideach idiréilimh a choinneáil, mura mbíonn ann ach bolscaireacht le dream comhfhiosach a choinneáil le chéile a fhéadfaidh na smaointe seo a scaipeadh leis an bpobal réabhlóideach a armáil agus iad ag éirí amach. Ar an taobh eile den scéal, in aimsir an chálú pholaitiúil, níor cheart go mbeadh na héilimh seo mar leithscéal gan páirt a ghlacadh i bhfeachtais ar son éileamh nach dtéann chomh fada le dúshlán an chumhacht stáit a thabhairt. A mhalaírt, ba cheart dóibh siúd a chloíonn leo dul isteach i bhfeachtais dá leithéid agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu le linn dóibh a chur ar a síle dá gcomh-ghuaillithe sa choimhlint gur fearr a leaganacha féin.

Tá cuid den cheart ag an dara hargoint a chuirtear in aghaidh na n-idiréileamh, nach clár rialtais atá iontu. Cé go bhféadfaí rialtas stáit a riarr, mar aonad ar leith agus é scoite ó chumhachtaí amuigh, de réir na mbeart inmheánach a mholtar, bheadh ar rialtas firinneach a gheallfadh iad a chur i bhfeidhm géarú nó moilliú ar an bhfeidhmiú sin de réir staid choimhlint idirnáisiúnta na n-aicmí. Sin an fáth gur iarracht é *An*

*Idirchlár*, cé nach leor é, an pobal dúshaothraithe faoi chois a aontú ar son gach éileamh a thugann dúshlán na stát caipitleach agus a chuireann ann do choimhlint idirnáisiúnta na n-aicmí. Ní gó a rá gurb é seo an difríocht idir *An tIdirchlár* agus na cláir ag páirtithe buirgéiseacha is mionbhuirgéiseacha a cheaptar le go gcuirfeadh rialtais i bhfeidhm iad – nó rómhinic, go dtréigfidís iad – gan cur isteach uathu siúd a chum iad.

Tá an tríú hargóint, nach dtagann *An tIdirchlár* leis an nós Marxach bunchlár agus barrchlár a chur chun cinn, glan mícheart. I ndáiríre, tá an scoilt idir bunchlár agus barrchlár ina lagú ar an gcéad iarracht ar idirchlár a chuir Karl Marx agus Friedrich Engels chun cinn in *Clár an Pháirtí Chumannaigh*:

...gurb é an chéad chéim i réabhlóid na n-oibrithe, an phrólatáireacht a ardú ina haicme cheannais, buachan an daonlathais.

Bainfidh an phrólatáireacht leas as a ceannas polaitiúil chun an caipiteal go léir a bhaint den bhuirgéiseach diaidh ar ndiaidh, gach gléas táirgthe a chruinniú i láimha an stáit .i. i láimha na prólatáireachta agus í eagraithe mar aicme cheannais, agus líon na gcumas táirgthe a mhéadú chomh tapa agus is féidir.

Ar ndóigh, ní féidir seo a dhéanamh ar dtús gan cur isteach go tíoránta, de réir cosúlachta, ar cheart an tsealúchais agus an caidreamh buirgéiseach táirgthe, is é sin, le bearta ar cosúil nach leor is nach féidir iad ó thaobh na heacnamaiochta de, ach a bhrúfaidh tharstu féin i gcúrsa na gluaiseachta i gcaoi nach bhfuil aon dul as muirthéacht sa mhodh táirgthe ar fad.

Leanann deich mbeart a mbeadh ‘feidhm ghinearálta’ leo sna tíortha forbartha ina raibh Conradh na gCumannaithe eagraithe. Fiú ag an am sin d’áithin na húdair: ‘Ar ndóigh, beidh na bearta seo éagsúil sna tíortha éagsúla.’<sup>1</sup> Faoi cheann cúig bliana fíchead, chuir siad agús breise leis an ráiteas seo:

Braithfidh feidhmiú praiticiúil na bprionsabal seo, mar a mhíníonn an *Clár* féin, i gcónaí agus i ngach áit ar na cúinsí stairiúla a bhíonn ar fáil, agus mar sin ní leagtar aon bhéim ar leith ar na bearta réabhlóideacha a mholtar i ndeireadh Chuid II.

Luaigh siad samplaí de ‘an fhorbairt bhreise ollmhór ar an mórtionsclaiocht le cúig bliana fíchead’, agus taithí ghluaisceacht an aicme oibre i réabhlóidí 1848 agus i gComún Pháras, mar thaca leis an ráiteas seo.<sup>2</sup>

Bhí ciall leis seo. Fiú san Eoraip bhí mórchomhlintí náisiúnta le buachan fós agus an fhorbairt náisiúnta níos neamhchothroime ná inniu féin. D’fhéadfaidís anailís chriticeach níos mine a dhéanamh ar a ndeich mbeart. Is meascán iad seo d’idiréilimh, éilimh útóipeacha, barréilimh agus bunéilimh. Bheadh ceithre cinn dióbh – cáin ioncaim chéimnithe, náisiúnú na gcóras creidmheasa is iompair, agus saoroideachas – le feiceáil i mbunchláir an daonlathais shóisialta ina dhiaidh sin (clár Pháirtí Phoblacht Shóisialach na hÉireann (ISRP) Shéamais Uí Chonghaile san áireamh<sup>3</sup>). Maidir leis an gcuid eile, thréigfeadh an daonlathas sóisialta cealú an tsealúchas talún (idiréileamh, gan amhras) agus monaplacht stáit an chiosa, agus ní chuirfí ‘Na monarchana is na ngléasanna tárgthe stáit... a mhéadú’ i bhfeidhm ach go teoranta de réir a chéile. Chuirfeadh Marx agus Engels féin in aghaidh éileamh na n-ainrialaithe go gcuirfí deireadh le ceart na hoidhreachta mar a d'eiligh an *Clár*. Rud a bhain níos mó fós leis an bhfadtréimhse ab ea an plean le deireadh ‘an idirdhealú idir cathair agus tuath’ a bhaint amach de réir a chéile, cé gurbh fhusa a bhaint amach i 1848 ná inniu. Ar an taobh eile den scéal, éileamh ‘diostóipeach’ is cóir a thabhairt ar an éileamh ‘airm thionsclaíocha a bhunú, go háirithe le haghaidh na talmhaíochta’ i bhfianaise an chaoi ar rug Stailín greim ar an turgnamh Sóivéadach.

Is é an áit ar theip ar Marx agus Engels, moltaí an *Clár* a fhorbairt le gur mó a bhainfidís le hábhar agus an aimsir ag athrú. Bhí a ndóthain le déanamh acu, ar ndóigh, agus iallach orthu cún a chur ar ionsaithe ó lucht leanúna leasaitheach Ferdinand Lassalle ar dheis agus ó na hainrialaithe ar an eite sháchlé. B’ionsá ar lucht Lassalle an *Critic ar Chlár Gotha* le Marx (1875). Tugtar a leath den chritic den sórt céanna a rinne Engels ar Chlár Erfurt (1891) suas do laige an chláir sin ar cheisteanna polaitiúla.

Rinne Marxaigh i dtíortha éagsúla iarrachtaí cláir a fhorbairt ab fhéidir a chur i bhfeidhm ar ‘na cúinsí stairiúla’ a bhí ‘ar fáil’. Cosúil leis na sóisialaithe Briotanacha, a ndearna Ó Conghaile aithris ar a gclár san ISRP, choinnigh siad cuid mhór d’éilimh an *Clár* agus chuir feabhas orthu uaireanta. D’imigh an cosc ar an oidhreacht, chomh maith leis na hairm thionsclaíocha agus coigistiú shealúchas na n-eisimirceach is na gceannairceach. Ar an taobh eile den scéal, ní hamháin gur ligeadh deireadh an idirdhealú idir cathair agus tuath ar láir, ach an t-éileamh ba phráinní a d’fhág nach mbeadh gá leis, ‘Riar na talmhaíochta agus na tionsclaíochta a aontú’ (a bhain le hábhar go mór in Éirinn). Fágadh ar láir freisin chéad éileamh Marx agus Engels, ‘An sealúchas talún a dhí-

shealbhú'. Ina n-ionaid bhí dhá éileamh dhaonlathacha phraiticiúla, 'Universal suffrage' (rófhollasach le lua i 1848, ach gan baint amach fós leathchéad ina dhiadh sin) agus smacht daonlathach ar an oideachas, le cois éileamh inmhianaithe ar 'Free maintenance for all children', seachtaoinibre 48 n-uaire, agus buntuarastal. D'iarr an t-aon éileamh a bhain leis an tuath go sonrach go ligfeadh an stát innealra talmhaíochta le feirmeoiri. Ina ionmláine, maidir le buncheist an *Clár*, an sealúsas priobháideach a chur ar ceal, bhí cíulú ann. Bhí an stát le seilbh a ghlacadh ar an gcóras creidmheasa agus é a lárnú fós – dá mhí-ionraice iad siúd a mhol é – ach ní bheadh i gceist anois leis 'An córas iompair' a gcaithfi leis amhlaidh ach bóithre iarainn agus canálacha. Bhí 'Na monarchana is na gléasanna táirgthe stáit... a mhéadú' athraithe go dtí 'Gradual extension of the principle of public ownership and supply to all the necessities of life', gan aon dishealbhú láithreach a bheith soileir. Ina theideal a bhí an t-éileamh ba loiscní de chuid an ISRP le fail: poblacht Éireannach. D'fhéadfadh a nádúr sóisialach eagla a chur ar an mbuirgéiseacht; mar a cuireadh i láthair anseo é, ní fhéadfadh sé na hoibrithe is an pobal faoi chois a shlóghadh ina n-aghaidh.

Bhain cuid de seo le hathrú na gcúinsí ó 1848. Cuireadh an *Clár* amach agus staid réabhlóideach ag forbairt san Eoraip, le treoir a thabhairt d'oibrithe a bhí ag éirí amach. Ainneoin dhá idirnáisiúntán de chuid an aicme oibre i ndiaidh a chéile, agus cathairstát gearrshaolach de chuid na n-oibrithe (Común Pháras), níor tharla aon rud ó shin a bhí ar aon mhéid ná ar aon tábhacht léi. Dá ainneoin seo, bhí méadú tagtha orthu siúd a d'fhogair go raibh dílis do Marx. Mar a dúirt sé ina chrític ar chlár Gotha, lig sé féin agus Marx dá gcuid páirtithe a n-éilimh féin a dhéanamh de réir 'na cúinsí stáiriúla a bhíonn ar fáil', gan cur isteach ach leis na prionsabail a shocródh iad a dhearbhú. Is é an rud nár léir dóibh ach ar éigean go raibh tionchar diúltach ag 'na cúinsí stáiriúla' a bhí ar fáil ar thuiscint a lucht leanúna, tionchar ba dhoimhne mar nach raibh sé chomh comhfhiúchach is ab fhéidir a chur in iúl mar chlár. Ní raibh stáit chaipitleacha na hEorpa agus Mheiriceá scriosta. Go deimhin, ba chosúil gur láidre iad ná roimh 1848. Bhí Bismarck tar éis cónaидhm impiriúil faoi smacht arm buacach na Prúise a chur in ionad Conradh gliogair na Gearmáine. Ar uair a bhriste náisiúnta, chruinnigh stát caipitleach na Fraince a neart le Común Pháras a chur faoi chois. Ní réabhlóid a thug cliseadh 1873 (an ceann ba mhó roimh 1929) leis ach titim an Chéad Idirnáisiúntán. Ar an taobh eile den scéal, d'fhéadfadh stáit chaipitleacha leasú i dtreo an tsóisialachais a dhéanamh. Léirigh

Bismarck an méid seo; fiú agus é ag coisceadh Páirtí Daonlathach Sóisialta nuá na Gearmáine, bhí sé ag cruthú stát leasa shóisialaigh agus ag náisiúnú bóithre iarainn na Gearmáine. Thosaigh go leor de lucht leanúna Marx ag fiafraí an raibh an réabhlóid ina bealach riachtanach nó praiticiúil ag na hoibrithe le cumhacht stáit a bhaint amach, gan trácht ar an sóisialachas. Nár bh fhéidir dóibh breith ar innealra an stáit chaipitligh a bhí ann cheana agus é a chlaonadh chun a n-aidhmeanna féin?

Amach ó lucht na ‘hindéantachta’ (‘athchumadóiri’ ina dhiaidh sin), grúpa beag ach fás faoi, níor cuireadh leagan ceart ar an tuairimíocht seo. Lena linn, bhí Marx agus Engels feannach ar ‘sóisialachas stáit’ Bismarck, ag léiriú an difríocht idir é agus an fíorshóisialachas. Mar sin féin, dúirt Marx ina chritic ar chlár Gotha: ‘Is cumhachtaí ná dosaen clár gach céim de chuid fiorgluaiseachta’,<sup>4</sup> agus thug an ceart vótála a bhí ag gach fear in impireacht na Gearmáine deiseanna dá lucht leanúna céimeanna mar sin a ghlacadh ag na toghcháin. Dá réir sin, leagadh éilimh a gcuid páirtithe amach ar mhaithe le vótáí a mhealladh seachas leis na hoibrithe a ullmhú chun an chumhacht a ghabhail dóibh féin. Ba é ceart vótála do chách an t-aon éileamh a slógfaí an pobal taobh amuigh de na boscaí vótála ar a shon, mar níor léir do na hath-chumadóiri féin go raibh aon cheo i ndán don pharlaiminteachas gan é. Agus ceart vótála bainte amach, ba é cuspóir na n-éileamh daonlathach sóisialta na vótálaithe a shásamh, ag múnlú bunchlár, agus an sóisialachas curtha síos go dtí barrchlár útóipeach.

B’eilfeachtaí an cwlú cláir seo mar go raibh sé intuigthe seachas neamhbhalbh, ach amháin an chorruair a lig athchumadóiri glana a rún amach. Fuair Marx bás agus é gan forbairt ach ar éigean. Níor thosaigh Engels ag tuiscint céard a bhí ar siúl go raibh sé ar leaba a bháis, nuair a fuair sé amach go raibh cinsireacht déanta ag a chomrádaithe sa Ghearmáin ar a réamhrá le leabhar Marx, *Cathanna na nAicmí sa Fhrainc*, ag baint chun siúil gach leid gurbh é an bealach réabhlóideach ba ghá. Trí bliana ina dhiaidh sin d’fhoilsigh iardhalta Engels, an daonlatháí sóisialta Gearmánach Eduard Bernstein, *Foschuimh an tSóisialachais*, ag cur bonn teoiriciúil faoi chleachtas a pháirtí. Cé gur ionsaigh ceannairí an pháirtí é seo, bhí bac orthu mar nach raibh Bernstein ach ag dearbhú a gcleachtais féin. An bhliain dár gcionn chuaigh an t-athchumadóir Alexandre Millerand isteach i rialtas a thíre ar an leithscéal gurbh fhearr a d’fhéadfadh sé an daonlathas a chosaint ó chumhacht na cléire agus an aim. Cosúil leis an gConghaileach in

Éirinn, rinne réabhlóidithe an ama le teacht sa Rúis cáineadh ar Bernstein agus Millerand, ach bhí siad sásta glacadh leis an mbunchlár mar ba léir go raibh gá láithreach le réabhlóid dhaonlathach, fiú le tú a chur le gríosú ar son bunéileamh.

Bhí guth amháin, áfach, a cháin Bernstein gan fuacht gan faitíos. Ar an gcéad leathanach dá palmfleád *Leasú Sóisialta nó Réabhlóid?* d'fhogair Rosa Luxemburg: ‘Don daonlathas sóisialta tá ceangal do-scaiolte ann idir an leasú sóisialta agus an réabhlóid shóisialta, ina bhfuil an cath ar shon leasú shóisialta mar *mhodh*, agus an muirthéacht sóisialta mar *chuspóir*.<sup>5</sup> Agus thiocfadh an tuar faoin tairngreacht seo aici:

An seasamh aicmeach géar neamhgheilliúil, nach bhfuil aon bhrí leis ach i dtaca leis an mian cumhacht pholaitiúil a ghabháil, déanfar bacainn ghlan de de réir a chéile, chomh luath is a bhíonn torthaí praiticiúla láithreacha mar phríomhchuspoír. Is é an chéad chéim eile, mar sin, polasaí comhghéillte – polasaí margála beithíoch, lena rá glan amach – agus iompar géilliúil stáitairí. Ní féidir leis an ngluaiseacht fanacht amhlaidh i bhfad, áfach. Tharla go bhfuil an leasú sóisialta amháin ina chnó caoch sa saol caipitleach agus go mbíonn i gcónaí, is féidir leas a bhaint as pé beartaíocht is áil leat, agus is é an díomá as an leasú sóisialta an chéad chéim loighciúil eile...<sup>6</sup>

Cé gur thug Rosa Luxemburg rabhadh faoi thorthaí na straitéise a chuirtear in iúl le scoilt an chláir ina bhunchlár is a bharrchlár, níor thairg sí aon athrach aontaithe mar a thairg an *Clár*. Is dócha nach áiteamh in aghaidh na hathchumadóireachta an spreagadh ba ghá dó sin, ach forbairt staide réabhlóidí a dhíroedd aird na sóisialaithe.

Faoi cheann cúig bliana thosaigh staid dá leithéid sa Rúis. Ba phearsa cheannasach sa phróiseas é Leon Trotscáí, dara huachtaráin shóivéid Chathair Pheadair sular chuir an réimeas Sárach faoi chois í. Fiú sular cuireadh tine leis an réabhlóid in Eanáir 1905 bhain Trotscáí preab as a chomrádaithe agus é ag tuar go mbraithfeadh éirí amach dá leithéid ar pháirtithe na prólatáireachta an chumhacht a ghabháil, cé nár phléigh sé an chaoi ab fhéidir léi tacaíocht a fháil ó na tuathánaigh, formhór mhuintir na Rúise. De réir mar a lean an choimhlint ar aghaidh, d'fhorbair sé an smaoineamh seo, ag léiriú nach bhféadfadh ríaltas réabhlóideach de chuid an aicme oibre a bheith taobh le leasuithe liobrálacha, ná fiú leasuithe an bhunchláir, go mbeadh air díshealbhú

fiontar caipitleach a thabhairt isteach ar an bpointe seachas diaidh ar ndiaidh. ‘The barrier between the “minimum” and the “maximum” programme disappears immediately the proletariat comes to power.’<sup>7</sup> Tar éis cloí na réabhlóide, d’fhorbair sé an smaoineamh, ag leathnú an chláir leis na tuathánaigh a mhealladh, ag cur gealltanas go mbainfi na heastáit de na tiarnaí talún agus go nglacfai comhsheilbh orthu le bunéileamh buirgíseach náisiúnú na talún. Ar deireadh, sheas sé air go gcaithfí an réabhlóid a leathnú go mbeadh an bua aici san Eoraip má ba léi a raibh bainte amach aici a chaomhnú agus an sóisialachas a bhaint amach.<sup>8</sup>

Le teacht na frithréabhlóide sa Rúis, agus gríosú ba lá ná réabhlóid in áiteanna eile, d’fhan an scéal mar sin. Lean an daonlathas sóisialta lena chláir déach gur thosaigh an chéad chogadh domhanda ag brú codarsnachtaí sóisialta ina staideanna réabhlóideacha. In Éirinn, ba léir na comharthaí do Shéamas Ó Conghaile agus thosaigh sé ag ullmhú chun réabhlóide, ag caitheamh i dtraipísí faoi bhealach an clár déach a bhí aige scór bliain roimhe:

...as the propertied classes have so shamelessly sold themselves to the enemy, the economic conscription of their property will cause few qualms to whomsoever shall administer the Irish Government in the first days of freedom.

All the material of distribution – the railways, the canals, and all their equipment will at once become the national property of the Irish state. All the land stolen from the Irish people in the past, and not since restored in some manner to the actual tillers of the soil, ought at once to be confiscated and made the property of the Irish state.... All factories and workshops owned by people who do not yield allegiance to the Irish Government immediately upon its proclamation should at once be confiscated, and their productive powers applied to the service of the community loyal to Ireland, and to the army in its service.<sup>9</sup>

Ba leis an gclár seo, cuid mhaith, a rinne Ó Conghaile comhghuaillíocht réabhlóideach le cuid den mhionbhuirgéiseacht náisiúnach. Níor éirigh leis, ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos, mar a dúirt Leinin, níor mheáigh sé féin is a chomhghuaillithe an t-am i gceart. Ar an dara dul síos, de bharr gur ghlac sé le cruth eagraithe sindeacaíteach an tionscalchumainn mar chruth ceart ag na hoibrithe is a gcomhghuaillithe leis an gcumhacht stáit a ghabháil, ní raibh aon eagras de shóisialaithe réabhlóideacha oilte tóigthe aige lena leithéid de ról a chomhlíonadh. D’uireasa Uí

Chonghaile, dhírigh ceannairí an Lucht Oibre ar a n-eagras a thógáil, gan tacaíocht a thabhairt ach ó thráth go chéile don choimhlint ar son cumhacht stáit idir Poblacht na hÉireann agus ríocht na Breataine.

Bhog dóchas láithreach na réabhlóide sóisialta chun na Rúise. I 1917, mí Feabhra de réir na féilire ansin (mí an Mhárta sa chuid is mó den domhan sibhialta), leathnaigh eírí amach de chuid an aicme oibre chuig cathracha eile agus threascair sé an Sár, ach rug na liobrálaithe greim air cheal páirtí láidir réabhlóidigh. Bhí na héilitheoirí ba mhó ar ról páirtí dá leitheid, na Boilséivigh, á dtreorú ag léamh cúng ar an teoiric go gcaithfi réimeas daonlathach buirgéiseach a bhunú sula bhféadfaí smaoineamh ar an sóisialachas. Bhog siad i dtreo tacaíocht don Rialtas Sealadach nua, cé go raibh ag teip glan air bunéilimh dhaonlathacha féin a chur i ngniomh agus go raibh ábhar athraigh de chuid an aicme oibre ann i gcruth na sóivéidí.

I mí Aibreáin d'fhill an ceannaire Boilséiveach Leinin ón deoraíocht agus chuir sé ina luí ar a pháirtí a sheasamh a athrú. D'fhógair sé go raibh seans oibiachtúil ag an aicme oibre an chumhacht a ghabháil i mí Feabhra, agus nach raibh ann ach laige shuibiachtúil eagraithe a choisc sin orthu. Anois bhí sé in am an caillteanas a thabhairt isteach. Dá réir sin, chuir sé deich n-idiréileamh chun cinn (Téisí Aibreáin) lena gcuirfeadh a pháirtí ina luí ar na hoibrithe is na tuathánaigh an chumhacht a ghabháil dóibh féin. Chaithfi deireadh a chur leis an gcogadh, an chumhacht stáit a chur i lámha na sóivéidí, an t-arm is na póilíní a scor agus ‘armáil an phobail uile’ a chur ina n-áit, oifigigh thofa inaisghairmthe a chur in áit an mhaorlathais, an talamh a náisiúnú, na heastáit a dhishealbhú is modhfheirmeacha a bhunú orthu, na bainc a náisiúnú, an táirgeadh a chur faoi mhaoirseacht na sóivéidí, ‘an Páirtí Cumannach’ a thabhairt ar an bpáirtí Boilséiveach, agus túis a chur le hidirnáisiúntán nua, an Tríú hIdirnáisiúntán.

Ar an gclár seo, threorraigh an páirtí Boilséiveach (mar a bhí air go fóill) na hoibrithe chun an chumhacht stáit a ghabháil i nDeireadh Fómhair/Samhain 1917. Spreag a eiseamláir sóisialaithe ar fud an domhain. Sa Ghearmáin bunaíodh Páirtí Cumannach i ndiaidh cloí na himpireachta, ach ní raibh an neart ná an taithí aige leis an aicme oibre líonmhar a threorú chun cumhachta. Rinneadh obair dhodhéanta de nuair a maraíodh ceannairí an pháirtí – Karl Liebknecht an gríosóir, Rosa Luxemburg an teoiricí, agus Leo Jogiches an t-eagraí – ar ordú a n-iarchomrádaithe sa rialtas caipitleach. (Roimhe seo, bhí Arthur Henderson, polaiteoir de chuid Lucht Oibre na Breataine, sa rialtas a

cheadaigh Ó Conghaile a chur chun báis.)

Roimh a bás, labhair Rosa Luxemburg le comhdháil bhunaithe a páirtí agus d'fhorbair sí na hargóintí a bhí aici cheana ar an gclár:

...ár gclár... D'aon turas, tá sé in aghaidh an dearcaidh ar sheas clár Erfurt air roimhe seo, d'aon turas in aghaidh scaradh na mbunéileamh láithreach, mar a thugtar orthu, i gcomhair na coimhlinte polaitiúla is eacnamaíoch ón gcuspóir deiridh sóisialach mar bharr-chlár. ...cuirimid torthaí na forbartha le 70 bliain anuas ar ceal agus go mór mór toradh láithreach an chogaidh dhomhanda agus muid ag rá: Níl aon bhunchlár ná aon bharrchlár againne; is ionann é agus an sóisialachas; sin é an bunéileamh atáimid a chur i gcion inniu.<sup>10</sup>

Taobh amuigh den Rúis, níor léir do na Páirtithe Cumannacha nua céard go díreach a bhí i gceist le seanchur chuige an chláir dhéach a thréigean. Ní raibh sna hélimh nua a mhol Luxemburg ach athleagan d'élímh *Clár an Pháirtí Chumannaigh* móide ceann nua, an chumhacht uile ag comhairlí oibrithe is saighdiúirí na Gearmáine.<sup>11</sup> Ba mheasa fós iarrachtaí eile ar élímh dá leithéid. Theip ar Pháirtí Cumannach nua na hUngáire mar nach raibh sé in ann ceist na talún a thuiscint: d'iarr sé an barrchlár a chur i bhfeidhm ó thus. Mar sin féin, is deacair a cheapadh gur fearr a d'éireodh leis na héirithe amach seo le seanchur chuige an chláir dhéach.

Is cinte nár chreid an tIdirnáisiúntán Cumannach nua go bhféadfaidis cruthú níos fearr. Ar a thríú comhdháil dhomhanda i Meitheamh 1921 ghlac sé le 'Téisi i dtaoibh Beartaíochta'. D'fhógair an cúigíú téis, 'Partial Struggles and Partial Demands':

In place of the minimum programme of the reformists and centrists, the Communist International puts the struggle for the concrete needs of the proletariat, for a system of demands which in their totality disintegrate the power of the bourgeoisie, organize the proletariat, represent stages in the struggle for the proletarian dictatorship, and each of which expresses in itself the need of the broadest masses, even if the masses themselves are not yet consciously in favour of the proletarian dictatorship....

The task of the communist parties is to extend, to deepen, and to unify this struggle for concrete demands....

It is not a question of proclaiming the final goal to the proletariat, but of intensifying the practical struggle which is the only way of leading the proletariat to the struggle for the final goal.<sup>12</sup>

Ar an gcéad chomhdháil eile, chuir Niocalaidhe Búchairin rún faoi bhráid na dteachtairí a bhí aontaithe aige féin, Leinin, Trotscáí, Sionóiviev agus Radek (rún a raibh amhras aige faoi, is cosúil<sup>13</sup>). Baineadh leas as an téarma ‘transitional demands’ den chéad uair ann:

1. All draft programmes shall be submitted to the Executive of the Communist International, or to a commission appointed by it, for study and detailed elaboration. The Executive is obliged to publish all draft programmes which it receives as quickly as possible.
2. The congress confirms that those national sections of the Communist International which do not yet have national programmes, are obliged to begin at once on the drafting of their programmes, which shall be submitted to the Executive at least three months before the fifth congress for ratification by the next congress.
3. The programmes of the national sections must clearly and decisively establish the necessity of the struggle for transitional demands, making the necessary reservations about the dependence of these demands on the concrete circumstances of time and place.
4. The theoretical basis for all transitional and partial demands must be clearly stated in the general programme, and the fourth congress likewise decisively condemns the attempt to depict the inclusion of transitional demands in the programme as opportunism, as well as all attempts to gloss over or replace the fundamental revolutionary tasks by partial demands.
5. The general programme must clearly explain the basic historical types of the transitional demands of the national section, in accordance with the basic differences in the economic and political structure of the different countries, for example England on the one hand, and India on the other.<sup>14</sup>

Níor tháinig an séú comhdháil den Idirnáisiúntán go ceann sé bliana, i ngeall ar na diómuanna ba chúis le, agus ba thoradh ar, an Rúis Shóivéadach a bheith scoite i gcónai agus an Stailineachas a theacht i réim. Nuair a cuireadh an dréachtchlár faoina bráid, ba léir go raibh a chol le hidiréilimh athnuaithe ag fear a dhréachtaithe, Búchairin (le cúnamh Stailin). Chuir sé clár déach mar a bheadh ag an Idirnáisiúntán Sóisialach chun cinn,<sup>15</sup> a d’fheil do sheandearcadh na n-athchumadóirí i leith sochaí shóisialach a bhaint amach in aon tir amháin. Faoi Throtscaí, agus é ar deoraíocht, a fágadh na hélimh dá leithéid, a fhoilsítear anseo den chéad uair i nGaeilge, a chur chun cinn.

Ní raibh siad ceaptha a bheith mar chlár deiridh ná mar chlár uilíoch, ach mar chreat cláir le go bhféadfaí straitéisí na rann den Cheathrú hIdirnáisiúntán nua a chomhordú, agus mar phointe tagartha i bhfeachtas na rann seo, is an Idirnáisiúntáin féin, leis an gcumhacht a ghabháil.

Le seachtó cúig bliana, is beag athrú atá déanta ar an gclár seo. Eascaíonn sé seo ó staid ghinearálta, an chaoi nár éirigh le haon réabhlóid taobh amuigh den domhan coilínéach nó leathchoilínéach. Tá cuid den locht ar na scoilteanna clúiteacha i ngluaiseacht Bhoilséiveach Leinineach an domhain, ag dul siar go haimsir Throtscaí ach ag dul i ndonacht tar éis a bháis. Rud is tábhacthaí, coinníollacha taobh amuigh den ghluaiseacht a chothaigh na scoilteanna seo. Bhí sí ag súil, ní hamháin go mbeadh cogadh impiriúlach ann ach go gcriochnódh a leithéid de choimhlint le bua faisisteach nó le spreagadh na réabhlóide sóisialaí domhanda. Ina ionad sin bhí an tAontas Sóivéadach, lena mhí-chuma ar fad, láidir go leor leis an gceann is fearr a fháil ar Ais fhaisisteach a d'eascair ó shármhíchíall an chaipitleachais agus nach bhféadfadh úsáid a bhaint as an neart taidhleoireachta a d'fhéadfadh a bheith aici in aghaidh na naimhde ba láidre aici. Sa choimhlint seo ní cogadh réabhlóideach a chuir an tAontas Sóivéadach, ná níorbh fhéidir leis. Ina ionad sin bhraith sé ar theann nirt an Airm Dheirg agus comh-aontuithe chun an domhan a roinnt lena chomhghuaillithe caipitleacha. (Is é críochdheighilt na Cóiré an leagan is marthanaí den mhargáil seo.) Shocraigh an domhan chun cogaidh fhuair a mhair beagnach leathchéad bliain idir an t-impiriúlachas agus an Stailineachas, agus an Stailin-eachas ag baint cúpla bua – go mór mór sa tSín – a d'fhág siad féin ar fheabhas a straitéisé céimnithe don réabhlóid agus an chláir dhéach a bhain léi, ach a baineadh i ndáiríre le fórsa armtha níos láidre i dtíortha nach raibh an caipitleachas sách forbartha iontu le buntáistí an daon-lathais rafair a thabhairt. Sna mórhíortha impiriúlacha, mhair borradh eacnamaíochta an chogaidh sách fada le cosúlacht níos mealltaí a chur ar an gcaipitleachas le hais an ‘Chumannachais’ Stailinigh, agus an céile comhraic seo a fhiceáil ag titim as a chéile sa Rúis, a thír dhúchais, is sna tíortha coimhdeachta a roinneadh uirthi tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Le cúnamh na meán caipitleach, ba chosúil an méid seo le cruthúnas dá lán lán daoine go raibh an caipitleachas tar éis teacht chuige féin ó na harraigeacha bás a bhí air de réir cosúlachta, agus nár bhain An tIdirchlár le hábhar i ndáiríre.

Inniu, níl buntáistí an chaipitleachais chomh follasach is a bhí.

Insítear don saol go bhfuil deireadh leis an gcúlú eacnamaíochta, ach ní raibh an dífhostaíocht chomh hard ó na 1930idí agus, ní hionann is an t-am sin, níl praghas na n-earraí ag titim ná níl an caipitleachas ag ardú caighdeán na beatha ar fud an domhain. Is gaire an staid oibiachtúil do staid na 1930idí ná a bhí ón am sin féin. Tá cruth seanchloíte an fhaisisteachais féin ag filleadh sna mórhíortha, le cúnamh na leasuithe bunreachtúla atá na rialtais chaipitleacha ag tabhairt isteach agus ag moladh, leasuithe arb aidhm dóibh go hiondúil an daonlathas a lagú.

Is í an fhadhb go bhfuil meon an phobail faoi thionchar iarsmaí titim an Aontais Shóivéadaigh fós, chúns atá na scoilteanna a chuaigh in ainseal in aimsir an rathúnais orthu siúd a thugann oidhrí Throtscaí orthu féin fós ann, rud a bhaineann den chaoi a bhfuil na hoidhrí seo níos líonmhaire ná mar a bhí seachtó bliain ó shin. Rud eile de, tá siad ag obair i gcultrú polaitiúil ar lú a ghlacadh le smaoineamh ginearálta an tsóisialachais. I gcuid mhór den domhan i mbéal forbartha, cuirtear in aghaidh an impiriúlachais le gluaiseachtaí a bhfuil laincis na piseogachta reilgiúnda orthu ar thaobh amháin, go háirithe sa saol Ioslamach, agus laincis għlan an phobalachais ar an taobh eile, go mór mór i Meiriceá Laidineach, gluaiseachtaí a chuireann ar chumas lucht a bhfeidhmithe cur as don impiriúlachas seachas deireadh a chur lena smacht ar a dtíortha. Sna mórhíortha, bionn dhá phort arís is arís eile ag glórtha cealgacha na n-aicmí ceannais agus a dteangacha labhartha (chomh maith le ceannasaíochtaí na bpáirtithe oifigiúla is mó de chuid an aicme oibre). Port amháin, ar ndóigh, gur baineadh triail as an sóisialachas agus gur theip air. Is é an port eile gur caipitleachas níos brúidiúla seachas níos séimhe atá ag teastáil, agus stáit níos láidre ag rialú ar mhaithe leis an gcaipiteal idirnáisiúnta sin atá ag scriosadh formhór a gcuid saoránach.

Ní féidir a dhéanamh anseo ach firinní *An tIdirchlár* a athdhearbhú níos forleithne ná riamh mar gur mó a bhaineann siad le hábhar ná ó aon am ó foilsíodh iad. Chun cuidiú leis an bpróiseas seo atá an t-eagrán seo á fhoilsíú. Tarraingíonn sé ar an dréacht Rúisise den chlár chomh maith leis an mbunleagan foilsithe.

Is fearr na hélimh a léamh anseo. Tá lúba ar lár fós ar féidir agus ar gá iad a leigheas. Tá níos mó airde ná a thugtar anseo ag dul don leatrom inscne; ní leor ‘Fág an Bealach ag an mBanoibrí’ in ionad éileamh ar leith. De bharr torthaí na táirgeachta ar son an bhrabaigh ar an timpeallacht, tá moltaí sóisialacha níos cruinne ag teastáil. Níl le rá thairis sin ach béim a leagan ar dhá fhíric a bhaineann go mór le hábhar.

Ar an gcéad dul síos, ní féidir stop a chur leis an ionsáí caipitleach mura mbíonn sóisialaithe toilteanach a gceannas a chur i gcion sa choimhlint le riachtanais na n-oibrithe is an phobail faoi chois a shásamh. Ar an dara dul síos, ní hé modh *An tDirchlár* liosta éileamh a dhéanamh a gcuirfeadh ionadaithe na n-oibrithe i rialtas i bhfeidhm iad thar ceann a lucht leanúna. Is clár é leis an bpobal a shlóga dhun an chumhacht a ghabháil agus ansin iallach a chur ar a n-ionadaithe tofa é a chur i bhfeidhm, fiú más gá dul thairis. Tá sé thar am dó.

## Nótaí

<sup>1</sup> Karl Marx/Friedrich Engels, *Werke*, imleabhar 4 (Beirlín 1959), lch 481-2.

<sup>2</sup> Marx/Engels, *Werke*, imleabhar 18 (Beirlín 1962), lgh 95-6.

<sup>3</sup> James Connolly, *Collected Works*, imleabhar 1 (Baile Átha Cliath 1987), lgh 466-7.

<sup>4</sup> Marx/Engels, *Werke*, imleabhar 19 (Beirlín 1962), lch 13.

<sup>5</sup> Rosa Luxemburg, *Gesammelte Werke*, imleabhar 1 (Beirlín 1974), lch 369.

<sup>6</sup> *Ibid*, lch 403.

<sup>7</sup> Leon Trotsky, *The Permanent Revolution; Results and Prospects*, Brian Pearce a d'aistrigh (Nua-Eabhrac 1978), lgh 100-2.

<sup>8</sup> *Ibid*, lgh 102-6.

<sup>9</sup> *Collected Works*, imleabhar 2 (Baile Átha Cliath 1988), lch 127.

<sup>10</sup> *Gesammelte Werke*, imleabhar 4 (Beirlín 1974), lch 496.

<sup>11</sup> *Ibid*, lgh 489-90, 510-12.

<sup>12</sup> Jane Duras (eagarthóir), *The Communist International*, imleabhar 1 (Londain 1956), lgh 249-50.

<sup>13</sup> Leon Trotsky, *The Third International After Lenin* (Nua-Eabhrac 1996), lch 106.

<sup>14</sup> Duras, op cit, lgh 444-6.

<sup>15</sup> Leon Trotsky, *The Challenge of the Left Opposition (1928-29)* (Nua-Eabhrac 2002), lch 240.



# **ARRAINGEACHA BÁIS AN CHAIPITLEACHAIS AGUS CÚRAIMÍ AN CHEATHRÚ HIDIRNÁISIÚNTÁN**

**(Slóghadh an phobail ar bhonn idiréileamh  
mar ullmhú i gcomhair gabháil na cumhachta)**

**Na réamhchoinníollacha oibiachtúla le réabhlóid shóisialach**

Géarchéim stáiriúil i gceannaireacht na príomhthréith don staid pholaitiúil dhomhanda ina hiomláine.

Tá an réamhchoinníoll eacnamaíochta leis an réabhlóid phrólá-taireach bainte amach cheana i gcoitinne, an oiread agus is féidir a thabhairt i gcrích faoin gcaipitleachas. Tá fórsaí táirgthe an duine ag dul i léig. Tá ag teip cheana ar fhionnachtana is feabhsuithe nua leibhéal an tsaibhris ábhartha a ardú. Faoi choinníollacha ghéarchéim shóisialta an chórais chaipitligh ar fad, imríonn géarchéimeanna na huairé cruatan agus fulaingt níos troime i gcónai ar an bpobal. Doimhníonn fás na difhostaíochta géarchéim airgeadais an stáit faoi seach, agus baineann sé an bonn de na córais mhíshocra airgid. Tuislíonn réimis dhaonlathacha agus fhaisisteacha araon leo ó chliseadh go cliseadh.

Ní léir aon bhealach amach don bhuirgéiseacht féin. I dtíortha ina raibh iallach uirthi dul i muinín an fhaisisteachais<sup>1</sup> mar chárta deiridh, tá sí ag sleamhnú le fána i dtreo tubaiste eacnamaíoch is míleata agus a súile dúnta aici. Sna tíortha a raibh pribhléid stáiriúil acu .i. sna tíortha inar féidir leis an mbuirgéiseacht só an daonlathais a ligean léi féin agus an carnadh náisiúnta thíos leis (an Bhreatain Mhór, an Fhrainc, na Stáit Aontaithe, srl.) tá mearbhalla, nach fada ó pharailís tola é, ar pháirtithe traidisiúnta an chaipitil ar fad. Níl sa ‘Bheart Nua’,<sup>2</sup> ainneoin diongbháilteacht mhóiréiseach a chéad tréimhse, ach cruth ar leith den mhearbhalla polaitiúil, nach bhféadfadhl tarlú ach i dtír ar éirigh leis an mbuirgéiseacht ann saibhreas gan áireamh a charnadh. Is fada an ghéarchéim seo óna cursa a thabhairt, agus níl déanta aici ach a léiriú nach n-osclaíonn polaitiocht an ‘Bhirt Nua’ aon bhealach nua amach as ceann caoch na heacnamaíochta, ach oiread le polaitiocht Fhronta an Phobail<sup>3</sup> sa Fhrainc.

Ní fearr an chuma atá ar chúrsaí idirnáisiúnta. Agus an teannas a bhaineann le díscaoileadh an chaipitleachais ag dul i méid, cruthaíonn an naimhdeas impiriúlach sáinn, agus ar a bhuaic caithfidh caismirtí ar leith is cointinn fhuilteach áitiúil (an Aetóip,<sup>4</sup> an Spáinn,<sup>5</sup> an Cianoirtheair,<sup>6</sup> lár na hEorpa<sup>7</sup>) teacht le chéile ina dhoíteán ar scála domhanda. Is eol don bhuirgéiseacht, ar ndóigh, an baol dá tiarnas a bheadh i gcogadh nua. Ach is lú go mór fada cumas na haicme sin cogadh a sheachaint anois ná ar thairseach 1914.

D'aineolas nó dallamullóg d'aon turas a thagann gach caint ar chuínsí stairiúla a bheith 'anaibí' i gcomhair an tsóisialachais. Ní hé amháin go bhfuil réamhchoinníollacha oibiachtúla na réabhlóide prólatáirí 'aibí'; tá siad ag lobhadh de bheagán. Gan réabhlóid shóisialach, sa tréimhse seo chugainn den stair, go deimhin, tá tubaiste ag bagairt ar chultúr an chine dhaonna ar fad. Faoin bprólatáireacht atá sé anois .i. a hurgharda réabhlóideach go príomha. Ar deireadh, níl i ngéarchéim stairiúil an chine dhaonna ach géarchéim na ceannaireachta réabhlóidí.

### An phrólatáireacht agus a ceannaireacht

Tá géarchéim shóisialta, a bhfuil comharthaí sóirt staide sóisialta réamhréabhlóidí uirthi, ina plá iomlán ar gheilleagar, stát is polaitíocht na buirgéiseachta agus a cúrsaí idirnáisiúnta. Is é nádúr deistapaíoch cheannaireacht na prólatáireachta an phríomhbhacáinn sa bhealach ar staid réabhlóideach a dhéanamh den staid réamhréabhlóideach: a meatacht mhionbhuirgéiseach roimh an mórbhuirgéiseach agus a ceangal fill léi ina harraingeacha báis féin.

Tá míshuaimhneas domhain ag luí ar an bprólatáireacht i ngach thír. Cuireann an pobal ina n-ilmhilliúin chun bóthar na réabhlóide arís is arís eile. Ach gach uair cuireann a ngléasanna maorlathacha coimeádacha féin bac leo.

Tá roinnt iarrachtaí éroga déanta ag prólatáireacht na Spáinne ó Aibreán 1931<sup>8</sup> an chumhacht a bhaint agus cinniúint na sochaí a stiúradh. Bhí a cuid páirtithe féin (Daonlathaithe Sóisialta, Stailnígh, Ainrialaithe, lucht an POUM<sup>9</sup>) – gach ceann ar a bhealach féin – mar choscán a d'ullmhaigh buanna Franco.

Sa Fhrainc léirigh tonn mhór na stailceanna ‘suí’, go hairithe i Meitheamh 1936, go raibh an phrólatáireacht ullamh ó chroí an córas caipitleach a threascairt. D'éisigh leis an heagraíochtaí ceannasacha (Sóisialaithe, Stailnígh, Sindeacáitithe<sup>10</sup>) faoi ainm Fhronta an Phobail an sruth réabhlóideach a threorú chun damba, áfach, go fóill ar a laghad.

Is iad an tonn stailceanna ‘suí’ nach bhfacthas a leithéid cheana agus fás fforsciobtha an tionscalchumannachais sna Stáit Aontaithe (an CIO<sup>11</sup>) an léiriú is doshéanta ar thnúthán dúchasach oibrithe Mheiriceá iad féin a chur ar aon leibéal leis na cúramí atá leagtha orthu ag an stair. Ach anseo freisin, déanann na heagraíochtaí polaitiúla ceannasacha, agus an CIO nua-bhunaithe san áireamh, gach is féidir le brú réabhlóideach an phobail a chosc is a sháinniu.

De bharr an tIdirnáisiúntán Cumannach<sup>12</sup> a dhul le taobh an reachta bhuirgeisigh go cinnte, a ról ciniciúil frithréabhlóideach ar fud an domhain – go háirithe sa Spáinn, an Fhrainc, na Stáit Aontaithe agus tíortha ‘daonlathacha’ eile – cruthaiodh deacrachartaí breise as cuimse do phrólataireacht an domhain. Faoi bhratach Réabhlóid Dheireadh Fómhair, daorann an pholaitíocht chomhréitigh a chleachtann ‘Fronta an Phobail’ an aicme oibre chun míchumais, ag réiteach an bhóthair don fhaisisteachais.

‘Frontaí an Phobail’ ar thaobh amháin – an faisisteachas ar an taobh eile: seo iad seifteanna polaitiúla deiridh an impiriúlachais sa choimhlint in aghaidh na réabhlóide príolatairí. Ó thaobh na staire de, áfach, níl i gceachtar de na seifteanna seo ach sceach i mbéal bearna. Lobhann an caipitleachas leis faoi chaipín na Frigia<sup>13</sup> sa Fhrainc agus faoin svaistice sa Ghearmáin araon. Ní fhéadfaidh rud ar bith ba lú ná treascairt na buirgéiseachta bealach amach a oscailt.

Is iad coinníollacha oibiachtúla an chaipitleachais lofa ar an gcéad dul síos, agus polaitíocht fhealltach sheaneagraíochtaí na n-oibrithe ar an dara dul síos, a leagann amach treo don phobal. De na tosca seo, is é an chéad cheann atá cinntitheach, ar ndóigh: is láidre dlíthe na staire ná gléasra an mhaorlathais. Cibé ar bith difríocht atá idir modhanna na bhfealltóirí sóisialta – ó reachtaíocht ‘shóisialta’ Blum<sup>14</sup> go dtí trialacha bréige Stailin<sup>15</sup> – ní éireoidh leo toil réabhlóideach na príolataireachta a bhriseadh go deo. Le himeacht ama, is soiléire a chruthóidh a n-iarrachtaí in aisce rotha na staire a choinneáil siar don phobal nach bhféadfaidh ach an Ceathrú hldirnáisiúntán géarchéim cheannaireacht na príolataireachta, arb í géarchéim chultúr an chine dhaonna anois í, a réiteach.

### An bunchlár agus an t-idirchlár

Is é cúram straitéiseach na tréimhse seo chugainn – tréimhse réamh-reabhlóideach gríosaithe, bolscaireachta agus eagraithe – an chontrárthacht idir aibíocht na gcoinníollacha réabhlóideacha

oibachtúla agus anabaíocht na prólatáireachta is a hurgharda (mearbhall agus díomá na seanghlúine, neamhthaithí na glúine óige) a shárú. Caithfear cuidiú leis an bpobal i rith na coimhlinte laethúla teacht ar an droichead idir éilimh an ama i láthair agus clár sóisialach na réabhlóide. Ba cheart go mbeadh córas *idiréileamh* mar chuid den droichead seo, ag eascairt ó choinníollacha an lae inniu agus ó chomhfhios an lae inniu i measc straitheanna fairsinge den aicme oibre, ag dul go dtí críoch dheiridh amháin gan claoíadh: gabháil na cumhachta ag an bpróláaireacht.

Rinne an Daonlathas Sóisialta clasaiceach, agus é ag feidhmiú i ré an chaipitleachais fhorásaidh,<sup>16</sup> dhá leath dá chlár, neamhspleách ar a chéile: an *bunchlár* a bhí taobh le leasuithe taobh istigh de chreat na sochaí buirgéisí, agus an *barrchlár* a gheall go gcuirftí an sóisialachas in ionad an chaipitleachais am éiginntte amach anseo. Idir an bunchlár agus an barrchlár ní raibh droichead ar bith. Agus go deimhin, ní gá don Daonlathas Sóisialta a leithéid de dhroichead, tharla nach mbaintear leas as an bhfocal *sóisialachas* ach in óráidí lá féile. Tá an tIdirnáisiúntán Cumannach thar éis cur chun bóthar an Daonlathais Shóisialta i ré an chaipitleachais lofa, tráth nach féidir trácht i gcoitinne ar bhunleasuithe sóisialta agus caighdeán beatha an phobail a ardú,<sup>17</sup> tráth a dtéann gach éileamh dáiríre de chuid na prólatáireachta – agus gach éileamh dáiríre de chuid na mionbhuirgéiseachta féin – thar theorainneacha chaidreamh sealúchais an chaipitleachais is an stáit bhuirgéisigh.

Ní hé cúram straitéiseach an Cheathrú hIdirnáisiúntán an caipitleachas a leasú ach é a threascairt. Is é a chuspóir polaitiúil gabháil na cumhachta ag an bpróláaireacht chun an bhuirgéiseacht a dhíshealbhú. Ní féidir a bheith ag cuimhneamh ar an gcúram straitéiseach seo a chur i gerích gan aird ríchúramach a thabhairt ar gach ceist beartaíochta, dá laghad is dá neamhioimláine í. Ba cheart gach cuid den phrólatáireacht, gach sraith, ceird is grúpa di, a tharraingt isteach sa ghlúaiseacht réabhlóideach. Ní hé sainmharc na ré seo go bhfuascláionn sí an páirtí réabhlóideach ó ghnáthobair laethúil ach go gcuireann sí ar a chumas an obair seo a dhéanamh gan aon deighilt ó fhíorchúraimí na réabhlóide.

Ní chaitheann an Ceathrú hIdirnáisiúntán clár na sean-‘bhunéileamh’ i leataobh sa mhéid go bhfanann cuid dá mbrí iontu seo fós. Go dionghbáilte, cosnaíonn sé cearta daonlathacha agus buanna sóisialta na n-oibrithe. Ach déanann sé an ghnáthobair laethúil seo taobh istigh d’fhiordhearcadh ceart, is é sin, réabhlóideach. Sa mhéid go mbuaileann

sean-‘bhuneilimh’ is páirtélimh an phobail in aghaidh claonta millteacha táireacha an chaipitleachais lofa – agus tarlaíonn seo le gach cor – cuireann an Ceathrú hIdirnáisiúntán córas *idiréileamh* chun cinn, arb é a mbrí gur neamhbhaile bhe is gur cinnte a dhíreofar in aghaidh bunús an reachta bhuirgéisigh féin iad. Glacann an t-*idirchlár*, ar cúram dó an pobal a shlóga dh go rianúil i gcomhair na réabhlóide prólatáiri, áit an tsean-‘bhunchláir’.

### Scála aistritheach pá agus scála aistritheach uaireanta

Faoi choinníollacha an chaipitleachais ag titim as a chéile, bionn saol dearóil ag an bpobal faoi chois i gcónaí, agus bagairt orthu anois thar riagh go gcaithfear síos i bpoll na déirce iad. Caithfidh siad a ngreim aráin a chosaint, mura bhféadfaidh siad é a mhéadú nó a fheabhsú. Níl call ná áit anseo cur síos ar na páirtélimh ar leith sin a thagann chun cinn arís is arís eile ar bhonn cúinsí áirithe – cúinsí náisiúnta, áitiúla nó ceardchumainn. Ach tá manaí agus modhanna troda ginearálta ag teastáil i leith dhá bhunghalar eacnamaíochta, a choimrionn an chaoi a bhfuil an córas caipitleach ag éirí níos seafoidí, is iad sin, an *dífhostaíocht* agus *praghsanna arda*.

Fógraíonn an Ceathrú hIdirnáisiúntán cogadh go himirt anama ar pholaitíocht na gcaipitleithe arb aidhm di, cuid mhór – ar nós polaitíochta a ghníomhairí, na leasaitheoirí – ualach ionlán an mhíleatachais, na géarchéime, mhí-eagar an chóras airgid agus gach crá eile a eascraíonn ó arraingeacha bás an chaipitleachais a chur ar ghuallí an lucht oibre. Éilíonn an Ceathrú hIdirnáisiúntán *fostaiocht* agus *coinníollacha cearta beatha* do chách.

Ní dhéanfaidh boilsciú ná cobhsú an airgid cúis mar mhanaí don phrólatáireacht, mar níl iontu seo ach an dá cheann den mhaide céanna. In aghaidh ardú léimneach praghsanna, a rachaidh ó smacht níos mó fós le teacht an chogaidh, ní féidir troid ach faoi mhana an *scála aistritheach pá*. Is ionann seo agus comhaontuithe coiteanna a chinnteodh ardú uathoibritheach pá ar aon dul le méadú ar phraghas earráí tomhalaits.

Faoi bhagairt titim as a chéile, ní féidir leis an bprólatáireacht ligean leis go ndéanfaí déircigh bhuandífhostaithe de chuid de na hoibrithe agus an chuid sin ag méadú i gcónaí, beo ar dhríodar sochaí atá ag creimeadh. Is é *ceart na fostaiochta* an t-aon cheart dáiríre atá fágtha ag an oibrí i sochaí atá bunaithe ar an dúshaothrú. Tá an ceart seo á bhaint de le gach cor inniu. In aghaidh na difhostaiochta, ‘difhostaíocht

struchtúrtha’ agus ‘dífhostaíocht na huaire’ araon, tá sé thar am, chomh maith le mana na n-oibreacha poiblí, mana an *scála aistritheach uaireanta oibre* a chur chun cinn. Ba cheart do cheardchumainn agus olleagraíochtaí eile na hoibrithe is na daoine difhostaithe a cheangal le chéile i ndlúthpháirtíocht chomhar na gcomharsan. Ar an mbonn seo roinntí an obair ar fad atá idir lámha ar na hoibrithe ar fad de réir mar a shocrófaí fad na seachtaíne oibre. Fanann meánphá gach oibrí mar a bhí faoin tseanseachtaíne oibre. Leanfadh an pá gluaiseacht na bpraghanna, faoi réir *bunphá* a ráthófaí go dian. Ní féidir glacadh le haon chlár eile don tréimhse thubaisteach seo.

Cruthóidh lucht sealúchais agus a chuid dlíodóirí ‘nach féidir’ éilimh mar seo a bhaint amach. Tagróidh caipitlithe beaga, go mór mór caipitlithe scriosta, dá leabhair chuntais. Cáineann na hoibrithe go neamhbhalbh cruthúnais agus tagairtí dá leithéid. Ní ‘gnáthachrann’ idir leasanna naimhdeacha atá i gceist. An phrólatáireacht a chosaint ar an lobhadh, an lagmhisneach agus an scrios atá i gceist. Bás nó beatha an aon aicme amháin atá cruthaitheach forásach atá i gceist, agus dá chomhartha sin todhchaí an chine dhaonna. Mura bhfuil an caipitleachas in ann na hélimh a eascraíonn go dosheachanta ó na tubaistí atá ginte aige féin a shásamh, faigheadh sé bás. Braitheann sé ar sheasamh na bhfórsaí i ngach cás ‘an féidir’ nó ‘nach féidir’ rud a bhaint amach, agus is sa choimhlint amháin a shocraítear sin. Tríd an gcoimhlint seo, cibé rath praiticiúil láithreach a bheidh uirthi, is fearr a thuigfidh na hoibrithe gur gá deireadh a chur leis an daoirse chaipitleach.

### Ceardchumainn san idirthréimhse

Sa choimhlint ar son páirtéileamh is idiréileamh, is mó ná riamh atá oll-eagraíochtaí de dhíth ar na hoibrithe, ceardchumainn go mór mór. Is é fás cumhachtach an cheardchumannachais sa Fhrainc agus sna Stáit Aontaithe an bréagnú is fearr ar sheanmóirí na lomtheagascóirí ainchlé úd atá ag múineadh go bhfuil seal na gceardchumann ‘tugtha’.

Seasann an Boilséiveach Leimineach i dtrinsí tosaigh gach cineál coimhlinte, fiú mura mbíonn ach na leasanna ábhartha nó na cearta daonlathacha is lú de chuid an aicme oibre i gceist léi. Glacann sé páirt ghníomhach in ollcheardchumainn d’fhoinn iad a neartú agus sprid na trodaíochta a ardú iontu. Troideann sé gan géilleadh in aghaidh aon iarracht na ceardchumainn a chur faoi cheannas an stáit bhuirgéisigh agus an phrólatáireacht a cheangal de ‘eadráin éigeantach’ nó aon saghas eile coimirce pólíní – faisisteach agus ‘daonlathach’ araon. Ar

bhonn a leithéid d'obair amháin sna ceardchumainn is féidir troid go héifeachtach in aghaidh na leasaitheoirí, leasaitheoirí an mhaorlathais Stailnígh san áireamh. Is ionann iarrachtaí seicteacha mioncheardchumainn ‘réabhlóideacha’ a thógail nó a chaomhnú, mar atheagrán den pháirtí, agus an choimhlint ar son ceannaireacht an aicme oibre a thréigean i ndáiríre. Caithfear an rial dhaingean seo a leagan síos: ní féidir tú féin a scoitheadh ó ollcheardchumainn, géilleadh, agus a bheith i do bhall den Cheathrú hIdirnáisiúntán.

San am céanna, diúltáonn agus cáineann an Ceathrú hIdirnáisiúntán feitiseachas na gceardchumann, rud is dual do cheardchumannaithe agus sindeacáitithe araoen.

(a) Níl clár réabhlóideach críochnúil le fáil ó na ceardchumainn, ná ní féidir go mbeadh, de réir a gcúraimí, a gcomhdhéanaimh, agus an chaoi a n-earcaíonn siad baill; dá bhrí sin, ní féidir leo áit an *pháirtí* a ghlacadh. Páirtithe réabhlóideacha náisiúnta a thógáil mar ranna den Cheathrú hIdirnáisiúntán, sin é príomhchúram na hidirthréimhse.

(b) Ní chuimsíonn ceardchumainn, fiú na cinn is cumhactaí, thar 20-25% den aicme oibre, agus lena chois sin, na straitheanna oilte is fearr pá, den chuid is mó. Ní tharraingitear an móramh is mó faoi chois den aicme oibre isteach sa choimhlint ach ó am go chéile, le linn borraí neamhghnácha ghluaiseacht an lucht oibre. In aimsir dá leithéid, is gá eagraíochtaí a chruthú de thuras na huaire, a chuimsíonn an pobal trodach ar fad: coistí stailce, coistí monarchan, agus ar deireadh, sóivéidí.

(c) Mar eagraíochtaí a chuireann leas ardsraitheanna na prólatáireachta in iúl, d'fhorbair na ceardchumainn cliona láidre le comhréiteach leis an réimeas daonlathach buirgéiseach, mar is léir ó thaithí na staire ar fad, taithí úr na gceardchumann ainrialach sindeacáiteach sa Spáinn san áireamh. Le linn géarchoimhlinne aicmí, iarrann lucht ceannais na gceardchumann a bheith ina máistrí ar an ollghluaiseacht d'fhoínn an dochar a bhaint aisti. Tá an méid seo ag tarlú cheana agus gnáthstailceanna ar siúl, go háirithe i gcás na n-ollstailceanna suí a bhaineann croitheadh as prionsabal an tsealúchais bhuirgéisigh. In aimsir cogaidh nó réabhlóide, agus an bhuirgéiseacht saíte i ndeacrachtaí as an ngnáth, is iondúil go ndéantar airí buirgéiseacha de cheannairí ceardchumainn.

Dá bhrí sin, ba cheart do ranna an Cheathrú hIdirnáisiúntán, ní amháin ardcheannaireacht na gceardchumann a athnuachan, ag cur ceannairí nua míleatacha chun cinn go dána dionghbhálte in áit

gnáthfheidhmeannach is sárachán ar uair na cinniúna, ach eagraíochtaí neamhspleácha míleatacha a chur ar bun freisin ar fearr a d'fheilfidís do chúraimí na hollchoimhlinnte in aghaidh na sochaí buirgéisi, gach uair is féidir; agus más gá, gan diúltú roimh scaradh glan le gléasra coimeádach na gceardchumann, fiú. Más coir é cún a thabhairt le holleagraíochtaí ar mhaith le faicsin sheicteacha a chothú, ní lú de choir é a fhulaingt go gcuirfí an ollghluaiseacht réabhlóideach faoi smacht baiclí maorlathacha atá frithghniomhach go neamhbhalbh nó coimeádach i mbréagriocht ('forásach'). Ní cuspóirí iontu fén iad ceardchumainn; níl iontu ach modhanna ar feadh an bhóthair chun na réabhlóide prólatáirí.

### Coistí monarchan

Le linn idirthréimhse, ní córasach cothrom a bhíonn gluaiseacht oibrithe ach teasaí pléascach. Ba cheart do mhanaí agus cruthanna eagraithe ar aon a bheith faoi réir ag comharthaí na gluaiseachta. Agus í san airdeall ar chaitheamh le cúrsaí de réir gnáthaimh mar a bheadh sé san airdeall ar an bplá, ba cheart don cheannaireacht freagairt go beo do threallús an phobail.

Téann *stailceanna suí*, an leagan is deireanaí den chineál seo treallúis, thar theorainnacha 'gnáthnós' an chaipitleachais. Gan trácht ar éilimh na stailceoirí, buaileann gabháil shealadach monarchana buille ar an iol, ar an sealúchas caipitleach. Cuireann gach stailc suí an cheist go praiticiúil: Cé atá i gceannas ar an monarcha, an caipitlí nó na hoibrithe?

Má dhúisíonn stailc suí an cheist seo ó am go chéile, cuireann an *coiste monarchan* leagan eagraithe uirthi. Agus é tofa ag fostaithe uile na monarchan, cuireann an coiste monarchan frithmheáchan le toil an lucht riarthá ar an bpointe.

I gcoinne cáineadh leasaitheach na saoistí de chineál na 'ríthe eacnamaíochta', mar a thugtar orthu, ar nós Ford, seachas dú-shaothraithe 'maithe' 'daonlathacha', cuirimid chun cinn mar mhana coistí monarchan mar ionaid coimhlinnte in aghaidh an dá chineál.

Cuirfidh maorlathaigh ceardchumainn i gcoitinne in éadan coisti monarchan, ar an gcaoi chéanna a gcuireann siad in éadan gach céim dhána ar an mbóthar chun slógadh an phobail.

Dá leithne réim na gluaiseachta, áfach, is amhlaidh is fusa cur ina aghaidh seo. Áit a bhfuil an teach dúnta i bhfeidhm cheana ó aimsir 'shiochánta', beidh an coiste ar aon dul le heagras an cheardchumainn ó thaobh foirme, ach athnuafaidh sé a phearsanra agus leathnóidh sé a

fheidhmeanna. Is é príomhbhrí an choiste, áfach, go ndéanfar foireann mhíleatach de ag na sraitheanna den aicme oibre nach mbíonn an ceard-chumann in ann a bhogadh chun gnímh de ghnáth. Ó na sraitheanna seo is mó faoi chois a thiocfaidh na cathláin is mó féinióbartha de chuid na réabhlóide.

Ón nóiméad a thagann an coiste i láthair, cuirtear déchumhacht ar bun i ndáiríre sa mphonarcha. Seasann sé don idirstaid ó nádúr, mar go bhfuil dhá réimeas ann nach féidir a réiteach le chéile: an réimeas caipitleach agus an réimeas prólatáireach. Is é bunbhrí na gcoistí monarchan go díreach go n-osclaíonn siad na doirse go dtí tréimhe réabhlóideach – idir an réimeas buirgéiseach is an réimeas prólatáireach – mura mbíonn sí réabhlóideach go díreach. Tá tonnta na stailceanna suí atá ag leathnú trí roinnt tíortha ina geruthúnas nach bhfuil sé róluath ná saorga smaoineamh an choiste monarchan a scaipeadh. Ní féidir tonnta nua dá leithéid a sheachaint roimh i bhfad. Is gá tú a chur le feachtas ar son coistí monarchan in am, i gcaoi is nach dtiocfar aniar aduaidh orainn.

### **‘Rúin gnó’ agus rialú na n-oibrithe ar an tionscláiocht**

Tá an caipitleachas liobrálach, bunaithe ar an iomaíocht agus an tsaor-thrádáil, tar éis dul siar uainn sa stair. Ní amháin nach maolaíonn a chomharba, an caipitleachas monaplach, ainriail an mhargaidh, a mhalaírt, tugann sé nádúr fiorarraingeach di. Glacann beagnach gach claonadh buirgéiseach is mionbhuirgéiseach, ó fhaisistithe go Daonlathaithe Sóisialta, leis – ón bhfiacail amach, ar a laghad – gur gá ‘rialú’ a chur ar an ngeilleagar, ‘treoir’ stáit a thabhairt don tionscláiocht, pleanáil. Ag na faisistithe, creachadh ‘pleanáilte’ an phobail ar mhaithé le cuspóirí míleata is mó a bhíonn i gceist. Cuireann na Daonlathaithe Sóisialta chuig aigéan na hainrialach a thaoscadh le spúnóga den ‘phleanáil’ mhaorlathach. Scríobhann innealtóirí agus ollúna ailt faoin ‘teicnealathas’. Ina dturgnaimh mheata leis an ‘rialáil’, buaileann rialais dhaonlathacha díreach in aghaidh milleadh dochloíte an mhórchaipítill.

Is é an léiriú is fearr ar an bhfiorchaidreamh idir na dúshaothraithe agus na ‘rialaitheoirí’ daonlathacha go loiceann na ‘leasaitheoirí’ uaisle agus faitios Dé orthu roimh thairseach na n-iontaobhas is a ‘rúin’ gnó. Anseo tá an prionsabal ‘gan cur isteach’ ar an ngnó i gceannas. Fanann an cuntas idir an caipitlí aonair agus an tsochaí mar rún an chaipitlí: ní bhaineann siad leis an tsochaí. Is í an tsaor-‘iomaíocht’ an chúis a chuirtear chun cinn le prionsabal na ‘rún’ gnó, mar dhea, mar a cuireadh

in aimsir an chaipitleachais liobrálaigh. I ndáiríre, ní bhíonn aon rún ag na hiontaobhais ar a chéile. Tá ruin gnó an ama i láthair mar chuid de chomhcheilg sheasta ag an gcaipitleachas monaplach in aghaidh leas na socháí. Beidh tionscnaimh chun srian a chur le huaslathas na ‘ríthe eacnamaíochta’ ina gceap magaidh truamhéalach chomh fada agus is féidir le húinéirí príobháideacha na meán sóisialta táirgthe scéiméireacht an dúshaothraithe, na gadaíochta is na caimiléireactha a chur i bhfolach ar tháirgeorí agus tomhaltóiri. Is é cur ar ceal na ‘rún gnó’ an chéad chéim i dtreo fior-rialú na tionscláiochta.

Ní lú de cheart atá ag oibrithe ná ag caipitlithe ‘rúin’ na monarchan, an iontaobhais, an tionscail iomláin, an gheilleagair náisiúnta ar fad, a bheith ar eolas acu. Thar gach rud, ba chóir bainc, an mhór-thionscláiocht agus an lárchóras iompair a ghrinniú go géar.

Is iad na cúramí láithreacha ba cheart a bheith ar rialú na n-oibrithe dochar agus sochar na socháí a mhíniú, ag tosú le fointair aonair; an scair d’ioncam na tíre a ghabhann caipitlithe aonair is na dúshaothraithe ar fad chucu féin; margáil is calaois na mbanc is na n-iontaobhas ar chúla téarmaí a nochtadh; ar deireadh, an cur amú uafásach sin ar obair an duine mar thoradh ar an ainriail chaipitleach is an téoir ghlan ar bhrabach a léiriú do chomhaltaí uile na socháí.

Níl aon oifigeach de chuid an stáit bhuirgéisigh i riocht an obair seo a chur i gcrích, is cuma cén t-údarás ab áil leat a bhronnadh air. Chonaic an saol mór éagumas an Uachtaráin Roosevelt<sup>18</sup> agus an Phríomh-Aire Blum in aghaidh cealgaireacht na ‘60’ nó an ‘200 Teaghlaich’<sup>19</sup> ina dtíortha. Le freasúra na ndúshaothraithe a bhriseadh, is gá ollbhrú na prílatáireachta. Ní féidir ach le coistí monarchan fior-rialú ar an táirgeadh a chur i bhfeidhm, ag tabhairt isteach – mar chomhairleoíri, seachas mar ‘theicnealathaithe’ – speisialtóiri atá fiordhlís don phobal, cuntasóirí, staitisticeoirí, innealtóirí, elolaithe, srl.

Ní féidir cuimhneamh ar an gcoimhlint in aghaidh na dífhostaíochta gan eagrú leathan dána *oibreacha poiblí* a éileamh. Ní bheidh brí fhorásach leanúnach le hoibreacha poiblí don tsochaí, ná do na daoine dífhostaithe féin, mura cuid de phleán ginearálta iad, leagtha amach go ceann roinnt mhaith blianta. Taobh istigh den phleán seo, d’éileodh na hoibrithe go rachfaí i mbun fóntas poiblí arís, agus i mbun oibre i ngnónna príobháideacha a dhún de thoradh na géarchéime. I gcásanna dá leithéid, rachadh bainistíocht dhíreach na n-oibrithe in áit rialú na n-oibrithe.

Ní féidir an plean eacnamaíochta is bunúsaí – ó thaobh na ndaoine

dúshaothraithe, seachas na daoine a dhúshaothraíonn iad – a leagan amach gan rialú na n-oibrithe, is é sin, gan súil na n-oibrithe a bheith ar fhoinsí uile na heacnamaíochta caipitlí, oscailte nó faoi cheilt. Ba cheart do choistí thar ceann fiontar aonair dul i ndáil chomhairle le coistí a thoghadh i gcomhair iontaobhas, tionscal iomlán, limistéar eacnamaíochta, agus ar deireadh, na tionsclaíochta náisiúnta ar fad. Ar an gcaoi sin, déantar *scoil eacnamaíochta pleanálite* de rialú na n-oibrithe. Ar bhonn thaithí an rialaithe, ullmhóidh an phrólatáireacht í féin le bainistíocht dhíreach a ghlacadh ar an tionsclaíocht náisiúnaithe nuair a thiocfaidh a uair sin.

Mar fhreagra ar na caipitlithe sin – de na straitheanna ísele is meánacha, den chuid is mó – a thairgeann a gcuind cuntas a oscailt do na hoibrithe – leis an ngá le laghdú pá a chruthú, de ghnáth – deir na hoibrithe nach cuntasáiocht clisiúnach nó leathchlisiúnach aonair is spéis leo ach leabhair cuntasí na ndúshaothraithe ar fad. Ní féidir ná ní mian leis na hoibrithe a gcoinníollacha beatha a chur in oiriúint do chora caipitlithe aonair atá thíos lena réimeas féin. Is é a gcúram an córas táirgthe is dáilíte uile a atheagrú ar bhonn níos díniúla éifeachtaí. Más coinníoll riachtanach le rialú na n-oibrithe é rúin gnó a chur ar ceal, is é an rialú an chéad chéim ar an mbóthar go dtí treorú sóisialach na heacnamaíochta.

### Díshealbhú dreamanna caipitlithe ar leith

Níor cheart go gcuirfeadh an clár sóisialach díshealbhaithe, .i. treascairt pholaitiúil na buirgéiseachta agus deireadh a cheannas eacnamaíochta, bac ar bith orainn san idirthréimhse seo a éileamh go ndíshealbhófáí roinnt buntionscal atá riachtanach do bheatha an náisiúin, ná an dream is seadánaí den bhuirgéiseacht.

Mar sin, mar fhreagra ar chaoineadh truamhéalach na ndaonlathaithe uaisle faoi dheachtóireacht na ‘60 Teaghlaich’ sna Stáit Aontaithe nó an ‘200 Teaghlaich’ sa Fhraing, cuirimid chun cinn an t-éileamh go ndíshealbhófáí na 60 nó an 200 ardiarna caipitleach feedach sin.

Ar an gcaoi cheannann chéanna élimid go ndíshealbhófáí na corporáidí a bhfuil monaplacht acu ar thionscail cogaidh, bóithre iarainn, na foinsí amhábhar is tábhachtaí, srl.

Seo é an difríocht idir na hélimh seo agus mana leasaitheach dúramánta an ‘náisiúnú’: (1) diúltáimid cúteamh a ioc; (2) cuirimid an pobal ar a n-airdeall roimh thuathghriosóirí Fhronta an Phobail ar gníomhairí de chuid an chaipítill i ndáiríre iad, cé go molann siad an

náisiúnú ón bhfiacail amach; (3) iarraimid ar an bpobal brath ar a neart réabhlóideach féin amháin; (4) ceanglaímid ceist an díshealbhaithe le gabháil na cumhactha ag na hoibrithe is feirmeoirí.

Is é an chaoi a bhfuil tionscail éagsúla ar leibhéal éagsúla forbartha, áiteanna éagsúla i mbeatha na sochaí acu, ag dul trí chéimeanna éagsúla de choimhlint na n-aicmí, a leaggann an riachtanas orainn mana an díshealbhaithe a chur chun cinn, ní amháin sna gnéithe is cuimsithí dár gcuid bolscaireachta, ach i rith ar *ngríosaíthe* laethúil freisin i méid áirithe. Ní fhéadfaidh ach borradh réabhlóideach ginearálta ag an bprólatáireacht díshealbhú iomlán na buirgéisearchta a chur ar chlár an lae. Is é cúram ár gcuid idiréileamh an phrólatáireacht a ullmhú chun an fhadhb seo a réiteach.

### Díshealbhú na mbanc príobháideach agus státú an chóras creidmheasa

Is ionann an t-impíriúlachas agus smacht *an chaipiteal airgeadais*. Le taobh na n-iontaobhas is na sindeacáití, agus ag éirí os a gcionn go rímhinic, cruinníonn na bainc fiorcheannas ar an ngeilleagar ina lámha. Tá struchtúr na mbanc ina dhlúthleagan de struchtúr iomlán an nua-chaipítí; tá clionaíochta *monaplachta* agus chun *ainrialach* in éineacht iontu. Eagraíonn siad míorúiltí na teicneolaíochta, fiontair ollmhóra, iontaobhais láidre; agus eagraíonn siad freisin praghsanna arda, géar-chéimeanna is difhostaíocht. Ní féidir oiread agus céim amháin a ghlacadh sa choimhlint in aghaidh aintiarnas na monaplachtaí agus ainriail an chaipitleachais – a chuidíonn le chéile ina gcuid scriosta – má fhágtaí arda móra na mbanc i lámha caipítithe creiche. Le córas aonta infheistíocha agus creidmheasa a chur ar bun, de réir pleán réasúnach a thagann le leas an phobail uile, caithfear na bainc go léir a chumasc in aon institiúid náisiúnta amháin. Díshealbhú na mbanc príobháideach agus an córas creidmheasa uile a thabhairt le chéile i lámha an stáit amháin a chuirfidh ar fáil dó na fioracmhainní ábhartha – seachas acmhainní maorlathacha páipéir amháin – le haghaidh pleánail eacnamaíochta.

Ní hionann díshealbhú na mbanc agus díshealbhú taiscí bainc ar chor ar bith. A mhalaírt, beidh an *banc stáit* amháin in ann coinníollacha i bhfad níos fabhraí a thabhairt do na taisceoirí beaga ná a d'fhéadfadh na bainc phríobháideacha. Ar an gcaoi chéanna, ní fhéadfaidh ach an banc stáit amháin coinníollacha fabhracha creidmheasa – is é sin, creidmheas saor – a chur ar fáil d'fheirmeoiri, ceardaithé agus mioncheannaithé. Is

tábhachtaí fós, áfach, go mbeidh an geilleagar ionlán – thar gach ní eile, an mhórthionscláiocht agus an córas iompair – ag freastal ar bhunriachtanais na n-oibrithe is an lucht oibre ar fad.

Ní bheidh na dea-thortháí seo ar *státú na mbanc*, áfach, mura dtéann an chumhacht stáit ar fad ó lámha na ndúshaothraithe i lámha an lucht oibre.

### An líne picéid – gardaí cosanta – míliste na n-oibrithe:

#### armáil na prólatáireachta

Is rabhadh tromchúiseach ón bpobal iad na stailceanna suí, ní amháin don buuirgéiseacht ach d'eagraíochtaí na n-oibrithe freisin, an Ceathrú hildirnáisiúntán san áireamh. I 1919-20 ghabh oibrithe na hIodáile monarchana as a stuaim féin, ag tabhairt scéala theacht na réabhlóide sóisialta chuig a gcuid ‘ceannairí’. Níor thug na ‘ceannairí’ aon aird ar an gcomhartha seo. Ba é bua an fhasisteachais an toradh.

Ní hionann go föill stailceanna suí agus gabháil monarchana ar nós na hIodáile; ach is céim chinnte iad i dtreo gabhálacha dá leithéid. Is féidir leis an ngéarchéim reatha coimhlint na n-aicmí a ghéarú as cuimse agus uair na cinniúna a thabhairt níos gaire. Ach ní hionann sin is a rá go dtagann staid réabhlóideach d'aon bhuille amháin. I ndáiríre, bionn sraith leanúnach arraingeacha mar chomharthú ar a teacht. Tá tonn na stailceanna suí ar cheann de na harraingeacha seo. Is í an fhadhb atá ag ranna an Cheathrú hildirnáisiúntán, cuidíú le hurgharda na prólatáireachta nádúr ginearálta agus luas ár ré a thuiscint agus toradh ar choimhlint an phobail a thabhairt in am le céimeanna eagraithe a éireoidh níos diongbháilte míleataí i gcónai.

Is ionann géarú choimhlint na prólatáireachta agus geárú na modhanna frithionsaithe ag an gcaipiteal. Is féidir agus is cinnte go mbeidh frithbhearta diongbháilte ag teacht ón mbuuirgéiseacht mar fhreagra ar thonnta nua stailceanna suí. Tá réamhobair ar siúl cheana ag foirne rúnda na n-iontaobhas mórt. Is maírg do na heagraíochtaí réabhlóideacha, agus is maírg don phrólatáireacht má thagtar aniar aduaidh orthu arís!

Ní leor leis an mbuuirgéiseacht in áit ar bith na pólíní is an t-arm oifigiúil. Sna Stáit Aontaithe, in aimsir ‘shíochánta’ féin, bionn cathláin mhíleata de cheathrúna dubha is bithiúnaigh armáilte phríobháideacha ag an mbuuirgéiseacht. Caithfear na grúpaí éagsúla de Naitsithe Meiriceánacha a chur leo seoanois. A luithe is a bhraith sí teacht na contúirte, rinne buuirgéiseacht na Fraince slógadh ar bhuíonta

faisisteacha leathdhlíthiúla is neamhdhlíthiúla, agus cuid acu san arm. Ní túisce brú oibrithe Shasana ag dul i neart arís ná méadaítear na dronganna faisisteacha faoi dhó, faoi thrí, faoi dheich, le teacht amach in eagair fuiteach in aghaidh na n-oibrithe. Coinníonn an bhuirgéiseacht í féin ar an eolas go cruinn faoin geaoi a dtiontaíonn coimhlint na n-aicmí ina cogadh cathartha go dosheachanta sa ré seo. Is mó go mór a mhúin samplaí na hLodáile, na Gearmáine, na hOstaire, na Spáinne agus tíortha eile do bhoic mhóra is giollaí an chaipítil ná do cheannairí oifigiúla na príomháireachta.

Bíonn polaiteoirí an Dara agus an Tríú hildirnáisiúntán,<sup>20</sup> chomh maith le maorlathaigh na gceardchumann, ag dúnadh a súl d'aon turas ar arm priobháideach na buirgéiseachta; murach sin, ní fhéadfaidís a gcomhghuaillíocht léi a chaomhnú ar feadh ceithre huairé fichead féin. Cuireann na leasaitheoirí an smaoineamh in intinn na n-oibrithe go córasach gur sábháilte naofacht an daonlathais nuair a bhíonn an bhuirgéiseacht armáilte go béal agus na hoibrithe gan airm.

Is é dualgas an Cheathrú hildirnáisiúntán deireadh go deo a chur lena leithéid de pholaitifocht lüiteisearch. Is amhlaidh is airde liú na ndaonlathaithe mionbhuirgéiseacha – Daonlathaithe Sóisialta, Stailinigh agus Ainrialaithe<sup>21</sup> san áireamh – faoin gcoimhlint in aghaidh an fhaisteachais dá mheata a ghéilleann siad dó i ndáiríre. Ní fhéadfaidh ach buíonta armáilte oibrithe, a bhraitheann tacáfacht na milliún den lucht oibre ar a gcúl, an ceann is fearr a fháil ar na dronganna faisisteacha. Ní in oifig an eagarthóra liobrálaigh ach sa mhonarcha a thosaíonn an choimhlint in aghaidh an fhaisteachais – agus sa tsráid a chríochnaíonn sí. Is iad ceathrúna dubha agus gunnadóirí priobháideacha i monarchana croí an airm fhaististigh. Is iad *picéid stailce* croí an airm phrólatáirigh. Seo é an t-ionad tosaigh againn. I geomhar le gach stailc agus léirsíú sráide, caithfear an riachtnas le bunú *grúpaí féinchesanta oibrithe* a chraobhscaoileadh. Is gá an mana seo a scríobh isteach i gclár na heite réabhlóidí de na ceardchumainn. Caithfear grúpaí féinchesanta a eagrú aon áit is féidir, ag tosú le grúpaí an aosa óig, le druileáil agus taithi ar úsáid arm a thabhairt dóibh.

Ba cheart, ní amháin go méadódh borradh nua líon na n-aonad seo ach go n-aontódh sé iad de réir ceantar, cathracha, réigiún. Caithfear ceartfhuath na n-oibrithe do cheathrúna dubha agus dronganna coirpeach is faisistithe a eagrú. Caithfear mana *mhilíste na n-oibrithe* a chur chun cinn, an t-aon rud a chinnteoidh nach sárófar eagraiochtaí, cruinnithe is nuachtáin na n-oibrithe.

Le cúnamh a leithéid d'obair chórásach fhoighneach dhochloíte mhisniúil gríosaithe is eagraithe amháin, ar bhonn thaithí an phobail féin i gcónai, is féidir traidisiúin na géilliúlachta is na caoinfhulaingthe a stoitheadh ó fhréamh ina meon; buíonta trodaithe laocheata a oiliúint a bheidh in ann eiseamláir a thabhairt don lucht oibre uile; sraith buanna a bhaint ar bhithiúnaigh armáilte na frithréabhlóide; féinmhuiní an phobail dhúshaothraithe faoi chois a ardú; amhras a chaitheamh ar an bhfaisisteachas i stíle na mionbhuirgeáiseachta agus an bóthar a réiteach do ghabháil na cumhactha ag an bprólatáireacht.

Thug Engels<sup>22</sup> ‘buíonta fear armtha’ mar shainmhíniú ar an stát. Caithfidh *armáil na prólatáireachta* a bheith mar ghné dá coimhlint ar son a fuascailte, ag dul ar aghaidh léi céim ar chéim. Nuair a theastóidh sí ón bprólatáireacht, tiocfaidh sí ar bhóthar agus modh a harmála. Sa réimse seo freisin, is dual go dtitfidh an cheannaireacht ar ranna an Cheathrú hildirnáisiúntán.

### Comhghuaillíocht na n-oibrithe agus na bhfeirmeoiri

Is é an saothrái talmhaíochta bráthair troda agus macsamhail an oibri faoin tuath. Is dhá chuid den aicme cheannann chéanna iad. Ní féidir a leas a dheighilt óna chéile. Is é clár idiréileamh na n-oibrithe tionsclaíochta clár phrólatáireacht na talmhaíochta mar an gcéanna, ach athrú anseo is ansiúd a chur air.

Seasann na tuathánaigh (feirmeoiri) d'aicme eile: is iad mionbhuirgeáiseacht an tsráidbhaile iad. Tá straitheanna éagsúla sa mhionbhuirgeáiseacht, ón leathphrólatáireach go dtí lucht dúshaothraithe. Dá réir seo, is é cúram polaitíúil phrólatáireacht na tionsclaíochta coimhlint na n-aicmí a thabhairt faoin tuath. Ar an gcaoi sin amháin a fhéadfaidh sí líne dhealaithe a tharraingt idir a chomhghuaillithe agus a naimhde.

Bíonn an leagan is aistí ar na gnéithe ar leith d'fhorbairt náisiúnta gach tir le fail i stádas na bhfeirmeoiri agus, i méid áirithe, stádas mhionbhuirgeáiseacht na mbailte móra (ceardaithe is siopadóiri). Go bunúsach seasann na haicmí seo, dá líonmhaire iad, mar iarsmaí de chruthanna réamhchaipitleacha táirgthe. Ba cheart do ranna an Cheathrú hildirnáisiúntán clár idiréileamh a bhaineann leis na tuathánaigh (feirmeoiri) agus mionbhuirgeáiseacht na mbailte móra a dhéanamh amach chomh nithiúil agus is féidir, ag cur cúinsí gach tir san áireamh. Ba cheart do na hoibrithe tosaigh foghlaim le freagraí soiléire nithiúla a thabhairt ar na ceisteanna a chuireann comhghuaillithe an ama le teacht.

Fad is a fhanann an feirmeoir ina mhiontairgeoir ‘neamhspleách’, tá

creidmheas saor de dhíth air, innealra talmhaíochta agus leasú ar phraghsanna is acmhainn dó, coinníollacha fabhracha iompair, agus eagrú coinsiasach an mhargaíd dá chuid tárgí talmhaíochta. Ach creachann na bainc, na hiontaobhais, na ceannaithe an feirmeoir ó gach taobh. Ní fhéadfaidh ach na feirmeoirí féin, le cúnamh na n-oibrithe, cúnamh a chur ar an greachadh seo. Ba cheart go dtiocfadh *coistí a bheadh tofa ag mionfheirmeoirí* ar an láthair náisiúnta agus, i gcomhar le coistí oibrithe agus coistí fostaithe bainc, go nglacfaidís smacht ar iompar, creidmheas, agus cúrsai tráchtála a bhaineann leis an talmhaíocht.

Agus í ag lua éilimh ‘iomarcacha’ na n-oibrithe go bréagach, is cliste mar a chuireann an mhórbhuirgéiseacht ceist *phraghsanna earrai* mar dhing idir na hoibrithe is na feirmeoirí agus idir na hoibrithe is mionbhuirgéiseacht na gcathracha. Ní féidir leis an tuathánach, an ceardaí, an mioncheannáí ardú pá de réir ardú praghsanna a éileamh, murab ionann is an t-oibrí tionscláiochta. Níl i gcoimhlínt oifigiúil an rialtais le praghsanna arda ach dallamullóg ar an bpobal. Ach is féidir leis na feirmeoirí, na ceardaithe, na ceannaithe, mar thomhaltóirí, dul isteach i bpolaitíocht shocrú na bpraghhsanna gualainn ar ghualainn leis na hoibrithe. Is é freagra na dtomholtóirí ar olagón an chaipití faoi chostais táirgthe, iompair is trádála: ‘Taispeáin dúinn do chuntais; éilímid rialú ar shocrú praghsanna’. Do na *coistí praghsanna* is cóir an rialú seo a chur i bhfeidhm, iad déanta de theachtaí ó na monarchana, ceard-chumainn, comharchumainn, eagraíochtaí feirmeoirí, ‘fear beag’ na cathrach, mná tí, srl. Ar an gcaoi seo beidh na hoibrithe in ann a chruthú do na feirmeoirí nach pá ard is cùis le praghsanna arda i ndáiríre, ach brabach as cuimse na gcaipitlithe agus forchostais na hainrialach caipitlí.

Ba cheart an clár le haghaidh *náisiúnú na talún agus comhshealbhú na talmhaíochta* a dhéanamh amach i gcaoi go gcuirfear as an áireamh ó thus deireadh go bhféadfaí mionfheirmeoirí a dhíshealbhú ná a chomh-shealbhú in aghaidh a dtola. Fanfaidh an feirmeoir i seilbh a ghabháltas talún chomh fada agus a chreideann sé féin gur féidir nó gur gá. Le clú chlár an tsóisialachais a athbhunú i síúile an fheirmeora, is gá na modhanna Stailineacha comhshealbhaithe a nochtagh gan trócaire, modhanna a leagtar síos de réir leas an mhaorlathais seachas leas na bhfeirmeoirí nó na n-oibrithe.

Ar an gcaoi chéanna, ní hionann díshealbhú na ndíshealbhóirí agus coigistiú éigeantach ar shealúchas ceardaithe is siopadóirí. A mhalaírt, féadfaidh rialú na n-oibrithe ar bhainc is iontaobhais – agus níos mó fós,

náisiúnú na bhfiontar seo – coinniollacha creidmheasa, ceannacháin is díolacháin i bhfad níos fabhraí a chruthú do mhionbhuirgéiseacht na mbalte móra ná mar is féidir faoi cheannas neamhshrianta na monaplachtaí. In áit spleáchas ar an gcaipiteal príobháideach cuirfear spleáchas ar an stát, agus is fearr an aird a thabharfaidh sé sin ar riachtanais a chomhoibrithe beaga agus a ghníomhaithe dá láidre a choinníonn an lucht oibre féin an stát ina ngreim féin.

Cuirfidh páirt phraiticíúil na bhfeirmeoirí dúshaothraithe i rialú réimsí éagsúla den gheilleagar ar a gcumas a shocrú dóibh féin an mbeadh sé chun tairbhe dóibh dul le comhshaothrú na talún – an dáta agus an scála. Ba cheart go mbraitheadh oibrithe tionsclaiochta go bhfuil dualgas orthu gach comhoibriú a thabhairt d’fheirmeoirí agus iad ag dul an bóthar seo: sna ceardchumainn, sna coistí monarchan, agus thar gach ní, i rialtas oibrithe is feirmeoirí.

Ní féidir an chomhghuaillíocht a mholaí an phrólatáireacht – ní leis na ‘meánaicmí’ i gcoitinne ach le sraitheanna dúshaothraithe na mionbhuirgéiseachta sa bhaile mór agus faoin tuath, in aghaidh gach dúshaothraí, dúshaothraithe sna ‘meánaicmí’ san áireamh – a bhunú ar an eigean ach ar an tsaorthoíl amháin, ar cheart a dhearbhú i g‘conradh’ speisialta. Is é an clár idiréileamh a nglacann gach taobh leis dá thoil féin an ‘conradh’ seo.

### An choimhlint in aghaidh an impiriúlachais agus na cogáiochta

Tá bagairt an chogaidh dhomhanda mar a bheadh scamall os cionn radharc an domhain ar fad, agus dá thoradh sin os cionn saol inmheánach polaitiúil na dtíortha ar leith. Cheana féin tá amharc na tubaiste ag cur critheagla thréan ar mhórshluaithe an chine dhaonna.

Is réidhe ón Dara hIdirnáisiúntán aithris a dhéanamh ar an bpolaitíocht mhínáireach a bhí aige i 1914 de bharr gurb é an tIdirnáisiúntán Cumannach atá chun tosaigh sa seobhaineachas inniu. A thuisce is ba léir leagan amach an chogaidh i gceart, rinne na Stailníogh óráidithe neamhbhalbha ar son ‘cosaint an náisiúin’, mar dhea, díobh féin, agus iad ag sárú na síochántóirí buirgéiseacha is mionbhuirgéiseacha i bhfad. Ní dhéanann siad eisceacht ach de na tíortha faisisteacha i.e. na tíortha nach bhfuil aon pháirt acu iontu. Mar sin, is ar ghuaillí an Cheathrú hIdirnáisiúntán ar fad a thíteann an choimhlint réabhlóideach in aghaidh na cogáiochta.

Tá an polasaí Boilséiveach Leiníneach<sup>23</sup> ar an gceist seo, mar a leagadh síos é i dtéis na Rúnaíochta Idirnáisiúnta<sup>24</sup> (*Cogaiocht agus an*

*Ceathrú hIdirnáisiúntán*, 1934), chomh láidir céanna inniu. Sa tréimhse seo chugainn braithfidh rath páirtí réabhlóidigh ar a pholasaí i leith ceist na cogáiochta thar gach ní. Tá dhá ghné ag baint le polasaí ceart: dearcadh neamhgħéilliúil ar an impiriúlachas is a chuid cogáí, agus a bheith in ann an clár a bhunú ar thaithí an phobail féin.

Baineann an buirgéiseacht is a chuid gníomhairí úsáid as ceist na cogáiochta, thar aon cheist eile, chun dallamullóg a chur ar na daoine le caint theibí, foirmlí ginearálta, frásai gan dealramh: ‘neodracht’, ‘comh-chosaint’, ‘armáil leis an tsíocháin a chosaint’, ‘coimhlint in aghaidh an fhaisisteachais’, agus mar sin de. Níl sna foirmlí ar fad dá leithéid seo ar deireadh ach go bhfágtaidh ceist na cogáiochta .i. cinniúint na ndaoine, i lámha na n-impiriúlaithe, a gcuid foirme rialtais, a gcuid taidhleoир-eachta, a gcuid ginearál, lena gcuid uisce faoi thalamh agus comhcheilgí in aghaidh na ndaoine.

Diúltáonn an Ceathrú hIdirnáisiúntán agus uafás air don chaint theibí ar fad dá leithéid, a bhfuil an fheidhm chéanna léi sa champa daon-lathach agus sa champa faisisteach araon: ‘onóir’, ‘fuil’, ‘cine’. Ach ní leor an t-uafás. Caithfear cuidiú leis an bpobal bri dháiríre na teibiochta bréige a dhéanamh amach, ag promhadh slata tomhais, manaí agus éileamh.

‘Dí-armáil?’ – Ach braitheann an cheist uile ar cé a dhí-armáilfidh agus cé a dhí-armáilfear. Is í dí-armail na buirgéiseachta ag na hoibrithe an t-aon dí-armáil a fhéadfaidh an chogaíocht a chur siar nó ar ceal. Ach leis an mbuiргéiseacht a dhí-armáil, ní mór do na hoibrithe iad féin a armáil.

‘Neodracht?’ – Ach ní neodrach ná cuid de atá an phrólatáireacht sa chogadh idir an tSeapáin is an tSín, nó cogadh idir an Ghearmáin agus APSS. ‘Cosaint na Síne agus APSS atá i gceist, mar sin?’ Ar ndóigh! Ach ní hí atá i gceist ag na himpíriúlaithe a thachtfaidh an tSín agus APSS araon.

‘Cosaint na Tíre Dúchais?’ – Ach cosaint a cuid brabaigh is creiche a bhíonn i gceist ag an mbuiргéiseacht leis an leagan teibí seo. Seasaimid ullamh an athartha a chosaint ó chaipitlithe iasachta, má chuirimid ceangal na gcúig chaol ar ár gcuid caipitlithe féin i dtosach, á mbacadh ó thíortha dúchais eile a ionsaí; má bhíonn oibrithe is feirmeoirí ár dtíre ina bhfiormháistí uirthi; má aistrítear maoin na tíre ó lámha mionlaigh bhig i lámha na ndaoine; má dhéantar uirlis de chuid an phobail dhú-shaothraithe den arm seachas de chuid na ndúshaothraithe.

Caithfear na bunsmaointe seo a léirmhíniú, á mbriseadh síos i

smaointe níos nithiúla éagsúla, ag brath ar an gcaoi a dtéann cúrsaí ar aghaidh agus meon aigne an phobail. Lena chois sin, caithfear idir-dhealú glan a dhéanamh idir síochánachas an taidhleora, an ollaimh, an iriseora agus síochánachas an tsiúinéara, an oibrí talún, an bhean ghlantacháin. I gcás amháin, tá an síochánachas ina cheilt ar an impiriúlachas; sa chás eile, cuireann sé mímuinín san impiriúlachas in iúl go haimhréidh. Nuair a bhíonn an mionfheirmeoir nó an t-oibrí ag caint ar chosaint na tíre dúchais, cosaint a thí, a theaghlaigh agus teaghlaach eile dá leithéid ó ionradh, buamaí agus gás nimhe atá i gceist aige. Is ionann leis an gcaipitlí agus a iriseoir cosaint na tíre dúchais agus gabháil coilínéachtaí is margáí, an scair ‘náisiúnta’ de theacht isteach an domhain a mhéadú as creachadh. Tá an dallamullóg ina horláí trí shíochánachas agus tírghrá na buirgéiseachta. I síochanachas, agus fiú tírghrá, an phobail faoi chois tá gnéithe a léiríonn fuath don chogafocht mhillteach ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile dílseacht do rudaí atá ar a leas féin, dar leo – agus caithfimid an chaoi le breith ar na gnéithe seo a thuiscint, chomh maith leis na ceachtanna is gá a bhaint astu.

Agus an méid seo mar ionad tosaigh aige, tacaíonn an Ceathrú hildirnáisiúntán le gach éileamh, fiú mura leor é, más féidir leis an pobal a tharraingt isteach sa pholaitíocht ghníomhach i méid áirithe, a mbeachtaíocht a mhúscailt agus a smacht ar scéiméireacht na buirgéiseachta a neartú.

Ón dearcadh seo tugáinn ár roinn i Meiriceá, mar shampla, tacaíocht chríticiúil don mholadh go gcuirfi fógaírt cogaidh ar reifreann. Tuigtear nach féidir le haon leasú daonlathach ann féin na rialaitheoirí a chosc ó chogadh a shaighdeadh nuair is áil leo é. Caithfear rabhadh macánta a thabhairt faoi seo. Ach ainneoin seachmall an phobail i dtaobh an reifriinn atáthar a mholadh, léiríonn a dtacaíocht leis an mhímuinín atá ag oibrithe agus feirmeoirí as an rialtas buirgéiseach agus an Chomhdháil. Gan seachmaill a chothú na spáráil, caithfear tacú chomh láidir agus is féidir le mímuinín fhórásach an phobail dhúshaothraithe as lucht a ndúshaothraithe. Dá fhórleithne a éiríonn an gluaiseacht ar son an reifriinn is amhlaidh is túisce a imeoidh na náisiúnaithe buirgéiseacha uaithi, is ionláine an t-amhras a chaithfear ar fhealltóirí an Idirnáisiúntáin Chumannaigh, is géire a éireoidh an mhímuinín as na himpiúlaithe.

Ón dearcadh seo, caithfear an t-éileamh seo a chur chun cinn: cearta vótala d'fhir is mná araon ó aois a 18 ar aghaidh. Ba chóir go mbeadh an

ceart vótála inniu acu siúd a ghairmfear chun bás a fháil ar son na tíre dúchais amárach. Ní foláir go dtosóidh an choimhlint in aghaidh an chogaidh le *slógadh réabhlóideach an aosa óig* i dtosach báire.

Caithfear solas a chaitheamh ar fhadhb na cogáiochta ó gach taobh, go mór mór ón taobh óna mbuaifidh sí leis an bpobal ag nóiméad áirithe.

Is fiontar ollmhór tráchtála í an chogaíocht, go háirithe do thionscal na cogáiochta. Is tírghráthóirí den chéad scoth na '60 Teaghlaigh', mar sin, agus príomhshaighdeoirí na cogáiochta. Is é *rialú na n-oibrithe ar thionscail cogaidh* an chéad chéim sa choimhlint in aghaidh 'déantúsóiri' na cogáiochta.

Mar fhreagra ar mhana na leasaitheoirí, *cáin ar an mbrabach cogaidh*, cuirimid chun tosaigh na manaí *coigistíú an bhrabach cogaidh* agus *dishealbhú na ngáinneálaithe i dtionscail cogaidh*. Áiteanna a bhfuil tionscail an chogaidh 'náisiúnaithe', mar atá sa Fhrainc, tá a bhrí ionlán ag mana *rialú na n-oibrithe* fós. Tá a laghad céanna muiníne ag an bprólatáireacht as rialtas na buirgéiseachta is atá aici as caipitlí aonair.

Gan duine ar bith ná pingin ar bith don rialtas buirgéiseach!

Ní clár armála, ach clár oibreatha poiblí fóinteacha!

Neamhspleáchas ionlán eagraíochtaí na n-oibrithe ar smacht an aimis na bpóilíní!

Caithfimid socrú chinniúint na ndaoine a shracadh go deo as lámha bhaile impiriúlach na sainte gan trócaire atá ag cealgaireacht ar chúl na ndaoine.

Dá réir seo, éilímid:

An taidhleoireacht rúnda a chur ar ceal ar fad; gach conradh agus comhaontú a bheith ar fáil do na hoibrithe is na feirmeoirí ar fad.

Oiliúint mhíleata agus armáil na n-oibrithe is na bhfeirmeoirí faoi rialú díreach coistí oibrithe is feirmeoirí.

Scoileanna míleata a chur ar bun le ceannasaithe i measc an lucht obre, tofa ag eagraíochtaí na n-oibrithe, a oiliúint.

*Míliste pobail*, ceangailte go dlúth le monarchana, mianaigh, feirmeacha, srl., a chur in áit an aimis sheasta.

Leanúint agus géarú pholaitíocht creiche na buirgéiseachta atá sa chogaíocht impiriúlach. Leanúint agus géarú a coimhlinte aicmí atá i gcoimhlint na prólatáireachta in aghaidh na cogáiochta. Athraíonn teacht an chogaidh staid agus, i méid áirithe, modhanna na coimhlinte idir na haicmí, ach ní athraíonn sé an cuspóir ná an bunchúrsa.

Is í an bhuirgéiseacht impiriúlach atá i gceannas an domhain. Cogadh impiriúlach go bunúsach a bheidh sa chogadh seo chugainn, mar sin. Dá thoradh sin, coimhlint in aghaidh an impiriúlachais agus a chogaidh is bunúsaí a bheidh i bpolaitiocht na prólatáireachta idirnáisiúnta. Sa choimhlint seo is é an bunphrionsabal: ‘*i do thír féin* atá an príomhnamhaid’, nó ‘is é cloí *do rialtais* (impiriúlaigh) *féin* rogha an dá dhíogha’.

Ach ní téar impiriúil gach téar ar domhan. A mhalaírt, is iobartaigh de chuid an impiriúlachais a bhformhór. Is cinnte go ndéanfaidh cuid de na tíortha coilíneacha nó leathchoilíneacha iarracht deis an chogaidh a thapú le cuing na daoirse a chur dísobh. Ní cogadh impiriúlach a bheidh ina gcogadhsan ach cogadh saoirse. Beidh sé de dhualgas ar an bprólatáireacht idirnáisiúnta cúnamh le tíortha faoi chois ina gcogadh ina n-aghaidh siúd a chuireann faoi chois iad. Tá an dualgas céanna ann maidir le cúnamh d'APSS, nó cibé rialtas eile de chuid na n-oibrithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn roimh an gcogadh nó lena linn. Is é cloí *gach rialtas impiriúlach* sa choimhlint le stát na n-oibrithe nó le téar choilíneach rogha an dá dhíogha.

Ní féidir le hoibrithe i dtíortha impiriúlacha cuidíú le téar fhrith-impiriúlach trína rialtas féin, áfach, is cuma cén caidreamh taidhleoir-eachta agus míleata a bhíonn idir an dá thír ag am áirithe. Má tharlaíonn don dá thír a bheith i gcomhghuaillíocht atá sealadach, agus míshocair ó nádúr, bíonn prólatáireacht na téire impiriúlaí i gcoinne a rialtais féin mar aicme i gconaí, agus tacaíonn sí leis an g‘comhghuaillí’ neamh-impiriúlach ar a bealaí *féin*. i. ar bhealaí choimhlint idirnáisiúnta na n-aicmí (gan a bheith ag gríosú in aghaidh a comhghuaillithe fealltacha amháin ach ar son stát na n-oibrithe is na téire coilíní; baghcat is stailceanna i gcás amháin; ag diúltú do bhaghcat is stailceanna i gcás eile, srl.).

Agus í ag tacú le téar choilíneach nó le APSS i gcogadh, ní théann an phrólatáireacht i ndlúthpháirt ar bith le rialtas buirgéiseach na téire coilíní nó le maorlathas Teirmeádóraich<sup>25</sup> APSS. A mhalaírt, caomhnaíonn sí lán-neamhspleáchas polaitiúil orthu araon. Agus í ag cúnamh le cogadh cóir forásach, gnóthaíonn an phrólatáireacht réabhlóideach bá na n-oibrithe sna coilíneachtaí agus in APSS, ag neartú údarás is tionchar an Cheathrú hIdirnáisiúntán ansin, agus ag cur lena chumas cuidíú le treascairt an rialtais bhuirgéisigh sa téar choilíneach, le treascairt an mhaorlathais fhrithghníomhaigh in APSS.

I dtús an chogaidh ní féidir nach mbraitheadh ranna an Cheathrú

na tuathánaigh ach taca leis an gcaipiteal, mar a tharla leis na Meinséivigh<sup>28</sup> agus na Réabhlóidithe Sóisialta<sup>29</sup> i 1917, le Páirtí Cumannach na Síne i 1925-27,<sup>30</sup> agus anois le ‘Fronta an Phobail’ sa Spáinn, sa Fhrainc<sup>31</sup> agus i dtíortha eile.

Idir Aibreán agus Meán Fómhair 1917, d’éisigh na Boilséivigh go scaradh na Réabhlóidithe Sóisialta agus na Meinséivigh leis an mbuircéiseacht liobrálach<sup>32</sup> agus an chumhacht a ghlacadh ina lámha féin. Faoina réir seo gheall an Páirtí Boilséiveach a chúnamh réabhlóideach in aghaidh na buircéiseachta do na Meinséivigh is na Réabhlóidithe Sóisialta, mar ionadaithe mionbhuirgéiseacha na n-oibrithe is na dtuathánach; ag diúltú glan, áfach, dul isteach i rialtas na Meinséiveach is na Réabhlóidithe Sóisialta ná freagracht pholaitiúil a ghlacadh as. Dá scarádh na Meinséivigh is na Réabhlóidithe Sóisialta leis na Daonlathaithe Bunreachtúla (liobrálaithe)<sup>33</sup> agus leis an impiriúlachas iasachta, ní fhéadadh an ‘rialtas oibrithe is tuathánach’ a chuiridís ar bun gan bunú dheachtóireacht na príolatáireachta a dheifriú is a éascú. Ach ba dá bharr sin go díreach a chuir ceannasaíocht an daonlathais mhionbhuirgéisigh in aghaidh rialtas dá chuid féin a bhunú, ar a seacht ndícheall. Léirigh taithí na Rúise, agus dearbhaíonn taithí na Spáinne is na Fraince arís eile é, nach bhfuil páirtithe an daonlathais mhionbhuirgéisigh (Réabhlóidithe Sóisialta, Daonlathaithe Sóisialta, Stailínigh, Ainrialaithe) in ann rialtas oibrithe is tuathánach – is é sin, rialtas atá neamhspleách ar an mbuircéiseacht – a chur ar bun, go fiú agus cúinsi an-fhabhracha ann.

Mar sin féin, bhí brí ollmhór oiliúna don phobal ag éileamh na mBoilséiveach ar na Meinséivigh is na Réabhlóidithe Sóisialta: ‘Scaraigí leis an mbuircéiseacht, glacaigí an chumhacht in bhur lámha féin!’ Rinne drogall stuacánta na Meinséiveach is na Réabhlóidithe Sóisialta an chumhacht a ghabháil, a nochtadh chomh drámáta sin i Laethanta an Iúil,<sup>34</sup> iad a dhaoradh go cinnte i dtuairim an phobail agus bua na mBoilséiveach a ullmhú.

Is é croíchúram an Cheathrú hIdirnáisiúntán an phrólatáireacht a shaoradh ón tseancheannaireacht, a bhfuil díréir ghlan idir a coimeádachas agus brúchtanna tubaisteacha an chaipitleachais i léig, arb í an príomhbhac ar dhul chun cinn na staire í. Is é an rud is mó a chuireann an Ceathrú hIdirnáisiúntán i leith eagraíochtaí traidisiúnta na príolatáireachta nach mian leo iad féin a shracadh ó chorp leathmharbh polaitiúil na buircéiseachta. Faoi na cúinsi seo tá an t-éileamh rianúil ar an tseancheannaireacht: ‘Scaraigí leis an mbuircéiseacht, glacaigí an

hIdirnáisiúntán go bhfuil siad scoite: tagann gach cogadh aniar aduaidh ar phobal an náisiúin, á mbrú ar thaobh ghléasra an rialtais. Beidh ar na hidirnáisiúnaithe snámh in aghaidh easa. Ach is gearr go mbainfidh scrios agus ainnsíe an chogaidh nua, a scoithfidh uafásí fhuilteacha 1914-18 go héasca faoi chearn cúpla mí, an mheisce díobh. Méadóidh míshuaimhneas agus ceannairc an phobail i mbarr na bhfáscáí. Gheobhfar ranna an Cheathrú hIdirnáisiúntán ar bharr na tuile réabhlóidí. Déanfar beocheist dhóite de chlár na n-éileamh sealadach. Seasfaidh fadhb ghabháil na cumhacta ag an bprólatáireacht amach romhainn ina steillbheatha.

Sula dtraochann sé an cine daonna, á bhá i bhfuil, truallíonn an caipitleachas atmaisfeárl an domhain le gal nimhe an fhuatha náisiúnta is chinioch. Tá an *frith-Ghiúdachas* ar na cora is urchoidí d'arraingeacha bás an chaipitleachais inniu.

Ba cheart go mbeadh noctadh gan trócaire ar fhréamhacha na claoantuairimíochta ciníoch, agus ar gach saghas is cineál uabhair náisiúnta is seobhaineachais, mar chuid d'obair laethúil gach roinn den Cheathrú hIdirnáisiúntán, mar an gcuid is tábhactaí den choimhlint i aghaidh an impiriúláchais agus na cogáiochta. Is é ár mbunmhana i gcónai é: A Oibrithe an Domhain, Cuirí le Chéile!

### Rialtas na n-oibrithe is na bhfeirmeoíri

Chonacthas an fhoirmle seo, ‘rialtas na n-oibrithe is na bhfeirmeoíri’, den chéad uair i ngríosú na mBoilséiveach i 1917, agus glacadh go cinnte leis tar éis Réabhlóid Dheireadh Fómhair. Ní raibh ann i ndeireadh báire ach leagan ar mhaithe leis an bpobal de dheachtóireacht na prólatáireachta a bhí ann cheana. Is é príomhbhrrí an leagain seo gur chuir sé béim ar *chomhghuaillíocht idir an phrólatáireacht agus na tuathánaigh* mar bhunús leis an gcumhacht Shóivéadach.

Nuair a rinne Idirnáisiúntán Cumannach na leamh-aithriseoirí<sup>26</sup> foirmle ‘dheachtóireacht dhaonlathach na prólatáireacht is na dtuathánach’ a athbheochan, foirmle a bhí curtha ag an stair, thug sé brí eile ar fad d’fhoirmle ‘rialtas na n-oibrithe is na dtuathánach’, brí dhaonlathach amháin .i. brí buirgéiseach,<sup>27</sup> á cur *in aghaidh* deachtóireacht na prólatáireachta. Dhiúltáigh na Boilséivigh Leinineacha glan do mhana ‘rialtas na n-oibrithe is na dtuathánach’ ina leagan daonlathach buirgéiseach. Dhearbaigh siad ansin é, agus dearbhaíonn siad anois: nuair a dhiúltáonn páirtí na prólatáireachta dul thar theorainneacha daonlathacha buirgéiseacha, ní bhíonn fágtha dá chomhghuaillíocht leis

chumhacht!' ina arm ríthábhachtach chun fealltacht pháirtithe is eagraíochtaí an Dara hIdirnáisiúntán, an Tríú hIdirnáisiúntán, agus Idírnáisiúntán Amstardam<sup>35</sup> a nochtadh. Glacaimid le mana 'rialtas na n-oibrithe is na bhfeirmeoirí', mar sin, de réir an bhrí a bhí léi i 1917 ag na Boilséivigh i. mar mhana frithbhuirgéiseach frithchaipitleach, ach ní ghlacaimid ar chor ar bith léi de réir an bhrí 'dhaonlathach' a thug na leamh-aithriseoirí di ina dhiadh sin, á hathrú ó dhroichead na réabhlóide sóisialá go dtí an phríomhbhacainn roimpi.

Éilimid ar gach páirtí agus eagraíocht a bhunaíonn é féin ar na hoibrithe is na tuathánaigh agus a labhraíonn ina n-ainm go scarfaidís leis an mbuircéiseacht i gcúrsaí polaitíochta agus go dtosóidís ar bhóthar na coimhlinte ar son ríaltas na n-oibrithe is na bhfeirmeoirí. Ar an mbóthar seo geallaimid lántacaíocht in aghaidh an fhrithghnímh chaipitligh dóibh. San am céanna, forbraímid gríosú gan sos i dtaca leis na hidirélimh ba cheart a bheith mar chlár ag 'rialtas na n-oibrithe is na bhfeirmeoirí', dar linn.

An féidir le heagraíochtaí traidisiúnta na n-oibrithe a leithéid de ríaltas a chur ar bun? Mar atá ráite cheana, léirionn taithí na staire nach móide é ar chor ar bith, gan dul thairis sin. Ní féidir a chur as an áireamh ar fad roimh ré, áfach, an seans teoiriciúil go bhféadfadh na páirtithe mionbhuirgéiseacha, na Stailinigh san áireamh, dul níos faide ná is mian leo ar an mbóthar go dtí scaradh leis an mbuircéiseacht, faoi anáil ctiúnsí rí-eisceachtúla (cogadh, cloí, cliseadh airgeadais, brú réabhlóideach an phobail, srl.). Is scéal cinnte an méid seo, ar chuma ar bith: fiú má thagann an mhalairt leagain seo fior in áit éigin ag am éigin agus a bhunaítear 'rialtas na n-oibrithe is na bhfeirmeoirí' ar an gcaoi seo i ndáiríre, ní bheadh ann ach eachtra ghearr ar an mbóthar go dtí fiordheachtóireacht na príomháireachta.

Ní gá dul i muinín buillí faoi thuairim, áfach. Bíonn brí iontach oiliúna ag an ngriósú i dtaca le mana ríaltas oibrithe is feirmeoirí i gconaí, faoi gach cúnse. Agus ní de thaisme é. Leanann an mana ginearálta seo go díreach ar feadh líne forbartha polaitiúla na ré seo (cliseadh agus meath na seanpháirtithe buirgéiseacha, turnamh an daonlathais, fás an fhaisisteachais, fuadar géaraithe na n-oibrithe i dtreo polaitíochta is gníomhái láidre). Ba cheart go mbeadh an chríoch cheannann chéanna ar gach idiréileamh, mar sin: caithfidh na hoibrithe scaradh le páirtithe traidisiúnta uile na buirgéiseachta d'fhoinn a gcumhacht féin a chur ar bun, i bpáirt leis na feirmeoirí.

Ní féidir a thuar roimh ré cé na céimeanna ar leith a bhainfidh le

slógadh réabhlóideach an phobail. Ba cheart do ranna an Cheathrú hIdirnáisiúntán iad féin a shuíomh go criticeach ag gach céim nua agus manáí a chur chun cinn a chuideoidh le tnúthán na n-oibrithe le polaitíocht neamhspleách, a dhoimhneoidh coimhlint aicmeach na polaitíochta seo, a scriosfaidh seachmaill leasaitheacha is shíochántacha, a neartóidh baint an urgharda leis an bpobal, agus a ullmhóidh gabháil réabhlóideach na cumhachta.

### Sóivéidí

Is gnéithe den déchumhacht taobh istigh den mhonarcha iad *coistí monarchan*, mar atá ráite cheana. Mar sin, ní féidir leo a bheith ann ach faoi bhrú méadaithe ón bpobal. Is amhlaidh freisin d'ollgrúpaí speisialta le haghaidh na coimhlinte *in aghaidh na cogaochta*, do na *coistí praghsanna*, agus do gach ionad nua eile de chuid na gluaiseachta, a bhfuil a dtéacht mar fhianaise ar an gcaoi a bhfuil coimhlint na n-aicmí tar éis dul thar theorainneacha eagraíochtaí traidisiúnta na prólatáireachta.

Is gearr, áfach, go mbraithfidh na heagrais is na hionaid nua seo a n-easpa dlúthaithe, nach leor iad. Ní féidir ceann ar bith de na hidréilmh a chomhlíonadh go hiomlán agus an réimeas buirgéiseach á chaomhnú. San am céanna, méadóidh doimhniú na géarchéime sóisialta, ní amháin fulaingt an phobail ach a mífhoghne, a seasmhacht, a mbrú freisin. Tóigfaidh sraitheanna úra den phobal faoi chois a gceann i gcónai, ag teacht chun tosaigh lena gcuid éileamh. Tosóidh na milliún ‘miondaoine’, nárbh fhiú leis na ceannairí leasaitheacha cuimhneamh orthu, ag bualach go tuineanta ar dhoirse eagraíochtaí na n-oibrithe. Tiocfaidh na daoine difhostaithe isteach sa gluaiseachta. Na hoibrithe talún, mná tí, sraitheanna prólatáirithe an aos intleachta – tosóidh siad seo go léir ag lorg aontais agus ceannaireachta.

Cén chaoi a réiteofar élimh éagsúla agus cruthanna éagsúla coimhlinnte, fiú taobh istigh d'aon chathair amháin? Tá an cheist seo freagartha ag an stair cheana: le *sóivéidi*.<sup>36</sup> Tabharfaidh siad seo ionadaithe na ngrúpaí troda go léir le chéile. Níl aon chineál eagraíochta eile molta ag aon duine lena aghaidh seo; go deimhin, ba dheacair ceann ab fhearr a cheapadh. Ní bhíonn sóivéidí teoranta do chlár páirtí roimh ré. Osclaíonn siad a ndoirse don phobal faoi chois ar fad. Tagann ionadaí gach sraith isteach trí na doirse seo, á dtarraingt isteach i sruth ginearálta na coimhlinnte. Athnuaitear an eagraíocht seo, ag leathnú in éineacht leis an ngluaiseachta, arís is arís eile ina broinn. Féadfaidh

sruthanna polaitiúla uile na prólatáireachta cur ar son ceannaireacht na sóivéidí ar bhonn an daonlathais is leithne. Is é mana na sóivéidí barr chlár na n-idiréileamh, mar sin.

Ní fhéadfaidh sóivéidí teacht chun cinn ach nuair a thosaíonn gluaiseacht an phobail ar chéim réabhlóideach oscailte. Ó thús a dteachta bionn na sóivéidí, ag feidhmiú mar mhaighdeog a n-aontaítear na milliún den lucht oibre timpeall uirthi ina gcoimhlint in aghaidh na ndúshaothraithe, in iomaíocht agus i bhfreasúra leis na húdaráis áitiúla agus ansin an rialtas láir. Má chuireann an coiste monarchan dé-chumhacht ar bun sa mhonarcha, cuireann na sóivéidí tú le tréimhse dé-chumhachta sa tír.

Is í an déchumhacht, faoi seach, buaic na hidirthréimhse. Seasann dhá réimeas bhithnaimhdeacha, buргéiseach agus prólatáireach, in aghaidh a chéile. Ní féidir nach n-éireoidh eatarthu. Braitheann cinniúint na sochaí ar an toradh. Má bhuaitear ar an réabhlóid, leanfaidh deachtóireacht fhaisisteach na buргéiseachta. Má bhuan sí, tiocfaidh cumhacht na sóivéidí chun cinn, is é sin, deachtóireacht na prólatáireachta agus atógál shóisialach na sochaí.

### Tíortha ar gcúl agus an clár idiréileamh

Is tíortha ar gcúl ó bhonn iad tíortha coilíneacha agus leathchoilíneacha. Ach tá tíortha ar gcúl ina gcuid de dhomhan atá faoi smacht an impiriúlachais. Bionn a bhforbairt *comhcheangailte*, mar sin: comhcheanglaítear na cruthanna eacnamaiochta is seanchaite leis an rud is nua dá bhfuil ó thaobh teicníc is cultúr an chaipitleachais. Ar an gcaoi chéanna a chuirtear in iúl tnútháin pholaitiúla phrólatáireacht na dtíortha ar gcúl: comhcheanglaítear an choimhlint ar son na rudaí is bunúsaí, mar neamhspleáchas náisiúnta agus daonlathas buргéiseach, leis an gcoimhlint shóisialach in aghaidh an impiriúlachais dhomhanda. Ní scartar ó chéile manaí daonlathacha, idiréilimh agus fadhbanna na réabhlóide sóisialaí ina réanna stairiúla ar leith sa choimhlint seo: leanann siad ar a chéile go díreach. Is ar éigean a thosaigh prólatáireacht na Síne ag eagrú ceardchumann nuair ab éigean di tabhairt faoi shóivéidí. Dá réir seo, tá feidhm iomlán leis an gclár seo i dtíortha coilíneacha is leathchoilíneacha, nó ar a laghad iontu sin a bhfuil an phrólatáireacht in inmhe dul i mbun polaitíochta neamhspleáiche.

Is é croíchúram na dtíortha coilíneacha is leathchoilíneacha *réabhlóid na talún* i.e. iarsmaí feodacha a chur ar ceal, agus an *neamhspleáchas*

*náisiúnta* .i. an chuing impiriúil a threascairt. Tá an dá chúram fite fuaite ina chéile.

Ní féidir diúltú glan don chlár daonlathach; ní foláir nó go sáróidh an pobal é sa choimhlint. Tá a bhrí iomlán i gcónai le mana an Chomhthionól Náisiúnta (nó an Comhthionól Bunreachta)<sup>37</sup> i dtíortha mar an tSín nó an India. Caithfear an mana seo a dhlúthcheangal le fadhb na saoirse náisiúnta agus leasú ar cheist na talún. Mar chéad chéim, caithfear na hoibrithe a armáil leis an gclár daonlathach seo. Iadsan amháin a bheidh in ann na feirmeoíri a ghairm agus a aontú. Ar bhonn an chlár dhaonlathaigh réabhlóidigh, is gá na hoibrithe a chur in aghaidh na buirgéiseachta ‘náisiúnta’. Ansin, ag céim áirithe i slógadh an phobail faoi mhanaí an daonlathais réabhlóidigh, is féidir agus is cóir go dtiocfadh sóivéidí chun cinn. Is iad leibhéal polaitiúil na prótátreachta, an nasc idir iad is na tuathánaigh, agus nádúr pholasaithe an pháirtí phrólatáirigh a chinnfidh an ról stairiúil a bheidh acu i ngach tréimhse ar leith, go háirithe a mbaint leis an gComhthionól Náisiúnta. Luath nó mall, ba cheart do na sóivéidí an daonlathas buirgéiseach a threascairt. Iadsan amháin a fhéadfaidh an réabhlóid dhaonlathach a thabhairt chun críche agus, ar an gcaoi chéanna, túis a chur le ré na réabhlóide sóisialaí.

Is iad saintréithe agus coinniollacha ar leith gach thír ar gcúl – agus an méid atá sí ar gcúl, cuid mhaith – a chinnfidh an bhéim a bheidh ar na hélimh dhaonlathacha is idirélimh éagsúla, an bhaint a bheidh acu le chéile, agus an t-ord a gcuirfear i láthair iad. Mar sin féin, is féidir claonadh ginearálta na forbartha réabhlóidí i ngach thír ar gcúl a dhéanamh amach de réir foirmle na *réabhlóide buaine*,<sup>38</sup> de réir an bhrí a thug trí réabhlóid sa Rúis di (1905,<sup>39</sup> Feabhra 1917,<sup>40</sup> Deireadh Fómhair 1917<sup>41</sup>).

Tá eiseamláir chlasaiceach tugtha ag an Idirnáisiúntan Cumannach do na tíortha ar gcúl den chaoi ar féidir réabhlóid chumasach a bhfuil gealladh fúithi a mhilleadh. Le linn borradh corrach an phobail sa tSín i 1925-27, theip ar an Idirnáisiúntán Cumannach mana an Chomhthionól Náisiúnta a chur chun cinn, agus san am céanna choisí sé sóivéidí a chur ar bun. (Bhí an páirtí buirgéiseach, an Kuomintang,<sup>42</sup> le dul in ionad an Chomhthionól Náisiúnta agus na sóivéidí ar aon, de réir pleán Stailin.) Tar éis don Kuomintang an pobal a chloí, d'eagraigh an tIdirnáisiúntán Cumannach sóivéid mhagaidh in Guangdong. Tar éis teip dhosheachanta éirí amach Guangdong, thug an tIdirnáisiúntán Cumannach bóthar na treallchogaíochta is na sóivéidí tuaithe air féin,

agus an phrólatáireacht thionsclaíoch ina suan codlata. Agus ceann caoch bainte amach acu mar seo, thapaigh an tIdirnáisiúntán deis Chogadh na Síne is na Seapáine<sup>43</sup> chun ‘an tSín Shóivéadach’ a chur ar ceal le scríobh phinn, agus ‘Arm Dearg’ na dtuathánach is an Páirtí ‘Cumannach’, mar dhea, araon a chur faoi réir an Kuomintang chéanna i. faoi reir na buirgéiseachta.

Agus feall déanta aige ar an réabhlóid idirnáisiúnta phrólatáireach ar mhaithe le cairdeas leis na máistri daonlathacha daor, ní fhéadfadh an tIdirnáisiúntán Cumannach gan feall a dhéanamh ar chomhlint saoirse na bpobal coilíneach san am céanna, agus go deimhin, ar bhealach níos ciniciúla ná an Dara hIdirnáisiúntán roimhe. Tá sé ar cheann de chúramí pholaitíochta Fhronta an Phobail agus ‘chosaint an náisiúin’ bia gunnaí don impiriúlachas ‘daonlathach’ a dhéanamh de na céadta milliún de mhuintir na gcoilíneachtaí. Tá an bhratach ar a ngreantar an choimhlint ar son saoirse na bpobal coilíneach is leathchoilíneach i. leath den chine daonna ar a laghad, tar éis dul isteach go cinnte i láimha an Cheathrú hIdirnáisiúntán.

### An clár idiréileamh i dtíortha faisisteacha

Is fada uainn anois an t-am a d’fhógair lucht straitéise an Idirnáisiúntáin Chumannaigh nach raibh i mbua Hitler<sup>44</sup> ach céim ar aghaidh i dtreo bua Thälmann.<sup>45</sup> Tá Thälmann faoi ghlás ag Hitler le breis is cúig bliana anois. Tá an Iodáil cuibhrithe ag an bhfaisisteachas ag Mussolini<sup>46</sup> le breis is sé bliana déag. I rith an ama, ní raibh páirtithe an Dara is an Triú hIdirnáisiúntán in ann, ní amháin ollghluaiseacht a chur ar bun ach fiú eagraiocht cheart mhídhleathach a mbeadh cosúlacht éigin aici le páirtithe réabhlóideacha na Rúise in aimsir an tSárachais.<sup>47</sup>

Níl fáth ar bith go míneofaí na teipeanna seo de réir cumhacht idé-eolaíochta an fhaisisteachais. (I ndáiríre, níor chuir Mussolini aon sórt idé-eolaíochta chun cinn.) Ní bhfuair ‘idé-eolaíochta’ Hitler greim ceart ar na hoibrithe riagh. Na straitheanna úd den phobal a raibh meisce an fhaisisteachais orthu tráth i. na meánaicmí den chuid is mó, bhí dóthain ama acu le breith ar a gcaill. Ní hé neart na dteoiricí leathmhearbhllacha leathbhréagacha i dtaobh ‘cine’ agus ‘fola’ a mhíníonn gur i measc lucht na n-eaglaisí, idir Phrotastúnach is Chaitliceach, atá freasúra le brath ar Éigean, ach titim uafásach idé-eolaíochtaí an daonlathais, an Daonlathas Sóisialta agus an tIdirnáisiúntán Cumannach.

Tar éis an tsléachta a rinneadh ar Chomún Pháras,<sup>48</sup> bhí an dú-fhrithghníomh i réim ar feadh ocht mbliana, beagnach. Tar éis cloí

réabhlóid 1905 sa Rúis, d'fhan an lucht oibre i dtoirchim beagnach chomh fada céanna. Ach sa dá chás ní raibh ann ach cloí fisiceach, ag brath ar chóimheá na bhfórsaí. Agus sa Rúis, prólatáireacht úrnua, nach móir, a bhí i gceist. Ní raibh an tríú bliain féin slánaithe ag an bhfaicsean Boilséiveach an tráth sin. Is scéal eile ar fad é sa Ghearmáin, áit ar bhain an cheannaireacht le páirtithe cumasacha, ceann acu seachtó bliain ar an bhfód, an ceann eile beagnach cúig bliana déag. Bhí an dá pháirtí seo, agus na milliúin vótálaithe ar a gcúl, ina staic mhorálta roimh an geath agus ghéill siad gan chath. Níl cuntas sa stair ar a mhacsamhail de thubaiste. Ní hé an namhaid a scrios prólatáireacht na Gearmáine i gcaith. Meatacht, uirísle agus fealltóireacht a cuid páirtithe féin a bhasc í. Is beag an t-ionadh, mar sin, go bhfuil a súil curtha de gach ba nós leis a chreidiúint le beagnach trí ghlúin anuas. Neartaigh bua Hitler Mussolini faoi seach.

Níl i dteip fhada obair na réabhlóide san Iodáil, sa Ghearmáin, agus anois sa Spáinn, ach luach saothair pholaitíocht choiríuil an Daonlathais Shóisialta agus an Idirnáisiúntáin Chumannaigh. Ní hé bá an phobail amháin is gá chun obair neamhdhhlíthíuil a dhéanamh, ach díograis chomhfhiosach na sraitheanna is faide chun tosaigh de. Ach an féidir a bheith ag súil le díograis ó eagraíochtaí atá briste ó thaoibh na staire de? Tá domheanmna go smior na gcnámh sa chuid is mó díobh siúd a tháinig chun cinn mar cheannairí ar deoraíocht, gníomhairí de chuid na Creimile agus an GPU, nó iar-airí Daonlathacha Sóisialta agus súil in airde acu go gcuirfidh na hoibrithe iad ar ais i mbun na bpost a chaill siad de mhíorúilt éigin. An féidir a shamhlú ar feadh nóiméid féin go ndéanfaidh na daoine uaisle seo páirt cheannairí na réabhlóide ‘frith-fhaistí’ amach anseo?

Agus ní fhéadfadh cúrsaí idirnáisiúnta – bascadh oibrithe na hOstaire,<sup>49</sup> cloí réabhlóid na Spáinne, meath an stáit Shóivéadaigh – cúnamh le corraíl réabhlóideach san Iodáil is sa Ghearmáin. Tharla go mbraitheann oibrithe na Gearmáine is na hlodáile ar an raidió, cuid mhaith, i gcomhair faisnéise polaitiúla, is féidir a rá go cinnte go bhfuil raidió Mhoscó, ag meascadh bréag Teirmeadórach le seafóid agus sotal, ar an ngné is tábhactaí i ndomheanmú na n-oibrithe sna stáit oll-smachtacha. Ar an gcaoi seo agus eile, ní fheidhmíonn Stailin ach mar fhear cúnta Göbbels.<sup>50</sup>

San am céanna tá na teannais aicmeacha a thug bua an fhaisisteachais ag obair leo faoi réim an fhaisisteachais freisin, ag baint an bhoinn de in aghaidh an lae. Is mó ná riamh míshásamh an phobail. Ainneoin na

n-ainneoin, leanann na céadta mílte oibrithe féiníobartacha le bunobair réabhlóideach. Tá glúin nua, gan taithí dhíreach ar bhriseadh na seantraidisiún is an tseandóchais, tagtha chun tosaigh. Leanann ullmhú beag bídeach na réabhlóide prólatáirí leis gan stad faoi leac thuama throm an ollsmachtachais. Ach chun go bhféadfaidh an fuinneamh ceilte bladhmaid ina cheannairc oscailte, caithfidh urgharda na prólatáireachta teacht ar dhearcaí nua, clár nua agus bratach gan smál.

Seo an áit a bhfuil an bac is mó. Tá sé fiordheacair ag oibrithe i dtíortha faisisteacha clár nua a roghnú. Fíoraítéar clár le taithí. Agus is é taithí ollghluaiseachtaí go díreach atá in easnamh i dtíortha na daoirse ollsmachtaí. Is dócha go mbeidh gá le fiorbhua prólatáireach i gceann de na tíortha ‘daonlathacha’ le spreagadh a thabhairt don għluaiseacht réabhlóideach sna críocha faisisteacha. D’fhéadfadh toradh den sórt céanna a bheith ar chliseadh airgeadais nó mīleata. Faoi láthair, ní mór obair ullmhúcháin a dhéanamh nach mbeidh mórrhoradh air go ceann i bhfad, bolscaireacht den chuid is mó. Rud amháin is féidir a rá go dearfa faoi láthair: nuair a bhrisfidh sí tríd, scuabfaidh an tonn réabhlóideach i dtíortha faisisteacha léi go mór ar an bpointe, agus cibé mar a thitfidh cúrsaí amach, ní stopfaidh sé le turgnamh mar chorpán Weimar<sup>51</sup> a athbheochan nó a leithéid.

Is ón bpointe seo ar aghaidh a osclaíonn bearna dho-iata idir an Ceathrú hildirnáisiúntán agus na seanspháirtithe a mhaireann i ndiaidh dóibh cliseadh. Is é ‘Fronta an Phobail’ ar deoraíocht an leagan is docharaí fealltaí is féidir de Fhrontaí an Phobail. Is éard is brí dó go bunúsach, an tnúthán seasc le dul i gcomphpháirt le buirgéisearch liobrálach nach ann di. Dá n-ériodh leis, ní dhéanadh sé ach sraith díomuanna nua ar nós na Spáinne a ullmhú don phrólatáireacht. Tá nochtadh gan trúcaire ar theoric is gníomh ‘Fhronta an Phobail’ ar an gcéad choinnioll le coimhlint réabhlóideach in aghaidh an fhaisisteachais, mar sin.

Ar ndóigh, ní hionann seo agus a rá go ndiúltáíonn an Ceathrú hildirnáisiúntán do mhanaí daonlathacha mar mhodh leis an bpobal a shlögadh in aghaidh an fhaisisteachais. A mhalaир, féadfaidh manaí mar seo páirt thromchúiseach a dhéanamh in amanna. Ach níl i bhfoirmí an daonlathais againn (saoirse nuachtán, ceart ceardchumannachais, srl.) ach manaí teagmhasacha na huaire i ngluaiseacht neamhspleáach na prólatáireachta, seachas croch dhaonlathach a cheanglaíonn gníomhairí na buirgéisearchta ar muineál na prólatáireachta (an Spáinn!). A thuisce is a éiríonn an għluaiseachta ina hollghluaiseachta, beidh na manaí

daonlathacha fite fuaite leis na hidirmhanaí; is é is dóichí go dtiocfaidh coistí monarchan ar an láthair sula ritheann lucht an tseenghnáthaimh óna gcuid seansailéireachtaí le ceardchumainn a eagrú; tiocfaidh sóivéidí le chéile i Weimar. Is amhlaidh don Iodáil agus an chuid eile de na tíortha ollsmachtacha is leatholls machtacha.

Tharraing an faisisteachas na tíortha seo isteach i mbarbarthacht pholaitiúil. Ach níor athraigh sé a struchtúr sóisialta. Ní irlis i lámha úinéirí feodacha talún é an faisisteachas, ach i lámha an chaipiteal airgeadais. Ba cheart clár réabhlóideach a bhunú ar dhialachtaic choimhlint na n-aicmí, nach bhfuil aon dul aisti i dtíortha faisisteacha ach oiread, seachas ar aigne na gclisiúnach scanraithe. Diúltáonn an Ceathrú hIdirnáisiúntán agus déistin air do chleasanna an chur i gcéill polaitiúil a thug ar na Stailinigh, athlaochra an ‘Tríú Tréimhse’,<sup>52</sup> aghaidheanna fidil éagsúla a chur orthu faoi seach – Caitlicigh, Protastúnaigh, Giúdaigh, Náisiúnaithe Gearmáinacha, liobrálaithe – lena n-éadan gráonna féin a cheilt. Faoina bhratach féin a thagann an Ceathrú hIdirnáisiúntán i láthair i gcónai agus i ngach áit. Molann sé a chlár féin go hoscaithe don phrólatáireacht i dtíortha faisisteacha. Tá oibrithe tosaigh an domhain deimhin de cheana nach dtreascrófar Mussolini, Hitler agus a gcuid gníomhairí is aithriseoirí ach faoi cheannaireacht an Cheathrú hIdirnáisiúntán.

### **APSS agus fadhbanna na hidirthréimhse**

Tháinig an tAontas Sóivéadach as Réabhlóid Dheireadh Fómhair mar stát de chuid na n-oibrithe. D’fhág seilbh an stát ar na meáin táirgthe, réamhchoinníoll riachtanach le forbairt shóisialach, go bhféadfadh na fórsaí táirgthe fás go sciobtha. Ach tháinig meath ionlán ar ghléasra stát na n-oibrithe san am céanna: athraíodh é ó arm de chuid an aicme oibre go dtí arm foréigneach maorlathach in aghaidh an aicme oibre, arm le milleadh faoi gheilleagar na tére de réir a chéile. Is é an chaoi ar rug an maorlathas ar stát scoite ar gcúl de chuid na n-oibrithe agus ar athraíodh an maorlathas ina shraith chumhachtach phribhléideach an bréagnú is éifeachtaí ar theoiric an tsóisialachais in aon tir amháin – ní amháin ó thaobh teoirice de, ach mar ghníomh freisin an uair seo.

Tá contráthachtaí millteanacha le fáil in APSS, mar sin. Ach is stát meata de chuid na n-oibrithe i gcónai é. Sin é an fáthmheas sóisialta. Tá rogha sa phrognóis pholaitiúil: treascróidh an maorlathas – ag éirí ina irlis de chuid na buirgíseachta domhanda i stát na n-oibrithe – na cruthanna nua seilbhe, ag brú na tére ar ais chun an chaipitleachais, sin

nó bascfaidh an aicme oibre an maorlathas, ag oscailt an bhóthair chun an tsóisialachais.

Níorbh aon ionadh le ranna an Cheathrú hIdirnáisiúntán Trialacha Mhoscó,<sup>53</sup> ná níor thoradh iad ar bhuile phearsanta dheachtóir na Creimile, dar leo, ach sliocht dlisteanach an Teirmeadóir. D'fhás siad as na coimhlintí dofhulaingthe taobh istigh den mhaorlathas Sóivéadach féin, scáth na gcontrárthachtaí idir an maorlathas is na daoine, chomh maith leis na teannais atá ag géarú i measc na n'daoine' féin. Tá nádúr fuitteach 'fantaiseach' na dtrialacha ina léiriú ar ghéire na gcontrárthachtaí, agus ar an gcaoi chéanna tuarann sé teacht an chríochbhirt.

Ráitis phoiblí a rinne iarthaidhleoirí de chuid na Creimile a dhiúltaih filleadh ar Mhoscó, dearbhaíonn siad gan bhréagnú ar a mbealach féin go bhfuil gach cineál smaointeachais pholaitiúil le fail i measc na mhaorlathais: ón bhfior-Bhoilséiveachas (Ignace Reiss<sup>54</sup>) go dtí faisisteachas glan (F Búitéancó<sup>55</sup>). Tá na gnéithe réabhlóideacha istigh sa mhaorlathas – mionlach beag amháin – ina scáth, go neamh-ghníomhach ar ndóigh, ar leas sóisialta na prólatáireachta. Cuireann na gnéithe frithréabhlóideacha faisisteacha, atá ag fás gan stad, leas an impiriúlachais dhomhanda in iúl níos léire in aghaidh an lae. Creideann na hiarrthóirí seo ar pháirt na gcompradór, agus ní gan fáth é, nach féidir leis an tsraith nua cheannais a ionaid phribhléideacha a chinntí gan diúltú don náisiúnú, don chomhshealbhú agus do mhonaplacht na tráchtála iasachta ar mhaithe le comhshamhlú le 'sibhialtacht an iarthair' .i. an caipitleachas. Idir an dá cheann seo, tá claonta meánacha scaipthe de chuid na Meinséiveach, na Réabhlóidithe Sóisialta is na liobrálaite a tharraingítéar i dtreo an daonlathais bhuirgéisigh.

I measc na socháい sin 'gan aicmí', mar dhea, níl aon amhras ach go bhfuil grúpaí cosúil le grúpaí an mhaorlathais ann, cé nach gcuirtear in iúl chomh soiléir céanna iad, agus i gcomhréir inbhéartach: baineann claonta comhfiosacha caipitleacha leis an dream gustalach sna comh-fheirmearcha (colcósáí), den chuid is mó, gan ach mionlach beag den phobal a bheith i gceist. Ach soláthraíonn an tsraith seo bunús leathan do chlaonta mionbhuirgéiseacha le maoin phearsanta a charnadh ar chostas an bhochtanais fhoreláthain, agus tugann an maorlathas ugach di d'aon ghnó.

I mbarr an chórais seo agus na teannais ag méadú ann, ag cúngú in aghaidh an lae ar an gcóimheas shóisialta, coinníonn an olagarcacht Theirmeadórách – nach bhfuil inti inniu ach baicle Bhónapartach<sup>56</sup>

Stailin, den chuid is mó – greim le modhanna sceimhle. Bhí na trialacha bréige ba dheireanaí dírithe mar bhuille *in aghaidh na heite clé*. Is fíor seo freisin i gcás għlanadh cheannairí an Fhreasúra ar Dheis, mar go raibh an grúpa ar Dheis den seanspháirti Boilséiveach ina chontúirt ó chlé ó thaobh leas agus claonta an mhaorlathais. Is fianaise dhoshéanta ar bheocht na dtraidisiún réabhlóideach i measc an phobail, chomh maith le méadú a mhishásaimh, gurb éigean don bhaicle Bhónapartach – agus eagla uirthi roimh a comhghuaillithe fén ar dheis mar Bhúitéancó – mórán gach duine de għluu na Sean-Bhoilséiveach a chur chun báis ar mhaite lena sábħaile fén.

Bíonn daonlathaithe mionbhürgéiseacha san iarħar, a d'fhögair inné fén gur ór gan chumasc a bhí i d'Trialacha Mhoscó, ag rá arís is arís eile inniu ‘nach bhfuil Trotscaíochas ná Trotscaíocha in APSS’. Teipeann orthu a mhiniú, áfach, cén fáth a gcuirtear na purguithe ar fad ar bun faoi scáth coimhlint in aghaidh na contúirte seo go díreach. Má tāmid chun an ‘Trotscaíochas’ a scrúdú mar chlár criochnúil agus – rud is mó a bhaineann le hábhar – mar eagraiocht, níl aon amhras ach go bhfuil an ‘Trotscaíochas’ thar a bheith lag in APSS. Ach tá neart dochloíte aige de bharr go gcuireann sé in iúl, ní amháin an traidisiún réabhlóideach, ach freasúra an lae inniu ag aicme oibre na Rúise. An fuath sóisialta atá cnuasaithe ag na hoibrithe in aghaidh an mhaorlathais – seo é an rud go díreach is ‘Trotscaíochas’ ann ó thaobh baicle na Creimile. Tá eagla a báis uirthi, agus fáth maith léi, roimh an nasc idir fearg dhomhain ach dhoiléir na n-oibrithe agus eagraiocht an Cheathrú hIdirnáisiúntán.

Tá díothú għluu na Sean-Bhoilséiveach agus ionadaithe réabhlóideach na n-aos óg is meánaosta tar éis an chóimheá pholaitiúil a chorrai a thuilleadh ar mhaite leis an eite dheis bhürgéiseach den mhaorlathas agus a comhghuaillithe ar fud na tire. Uathu siúd .i. ón eite dheis, is féidir a bheith ag súil le hiarrachta níos diongħbħalit fós amach anseo le nádúr sóisialach APSS a athmhiniú agus a leagan amach a thabhairt níos gaire do ‘shibhialtacht an iarħair’ faoina cruth faisisteach.

Ina fhianaise seo, déantar ceist iontach nithiúil de cheist ‘chosaint APSS’. Dá ndéanfadħ an grúpa buiġżeiseach faisisteach, ‘faicsean Bhúitéancó’, mar a déarfá, iarracht an chumhacht a għabbáil amárach, ní féidir nach nglacfadħ ‘faicsean Reiss’ a ionad ar an taobh eile de na baracáidi. Cé go ráineodh dó a bheith ina chomhghuaillí sealadach ag Stailin, mar sin fén, ní hí an bhaicle Bhónapartach a chosnódh sé ach bunús sóisialta APSS .i. an sealúchas a sracadh de na caipitlithe le sealúchas stáit a dhéanamh de. Dá dtarlódh ‘faicsean Bhúitéancó’ a

bheith i gcomhpháirt le Hitler, chosnódh ‘faicsean Reiss’ APSS ó ionsaí míleata, taobh istigh den tir agus ar an láthair dhomhanda araon. Feall a bheadh in aon chúrsa eile.

Cé nach féidir a shéanadh roimh ré, mar sin, nach bhféadfaí ‘fronta aontaithe’<sup>57</sup> a chur ar bun leis an maorlathas Teirmeadóraich in aghaidh ionsaí oscailte ag an bhfrithréabhlóid chaipitleach, i gcúinsí dochta faoi leith, is é *treascairt an mhaorlathais Theirmeadóraigh chéanna seo* an príomhchúram polaitiúil in APSS i gcónai. Gach lá a chuirtear lena cheannas, cuireann sé le lobhadh bhunús na ngnéithe sóisialacha den gheilleagar agus le seans athréimniú an chaipitleachais. Sa treo sin go díreach atá an tIdirnáisiúntán Cumannach ag dul, mar ghníomhaire agus comphpháirtí na baicle Stailiní le réabhlóid na Spáinne a thachtadh agus domheanma a chur ar an bprólatáireacht idirnáisiúnta.

Ar nós na dtíortha faisisteacha, ní ann féin atá neart mór an mhaorlathais ach i ndíomá an phobail, an easpa dearcaidh nua ina measc. Ar nós na dtíortha faisisteacha, nach bhfuil de dhifriocht idir gléasra *polaitiúil* Stailin agus iad ach gur lú srian atá ar a fhiántas, ní féidir ach réamhobair bolscaireachta a dhéanamh in APSS inniu. Ar nós na dtíortha faisisteacha, is dócha gur imeachtaí taobh amuigh den tir a thabharfaidh an spreagadh do bhorradh réabhlóideach na n-oibrithe Sóivéadacha. Is í an choimhlint in aghaidh an Idirnáisiúntáin Chumannaigh ar an láthair dhomhanda an chuid is tábhactaí den choimhlint in aghaidh na deachtóireachta Stailiní inniu. Is iomaí comhartha ann go dtiocfaidh titim an Idirnáisiúntáin Chumannaigh, tharla nach bhfuil bunús díreach sa GPU<sup>58</sup> aige, roimh thitim na baicle Bónapartaí agus an mhaorlathais Theirmeadóraigh ina iomláine.

Níl amhras ach gur faoi bhratach na coimhlinne leis an *éagothroime shóisialta* agus an *leatrom polaitiúil* a thosóidh borradh úr faoin réabhlóid in APSS. Léirsrios ar phribhléidí an mhaorlathais! Léirsrios ar an Stachanofachas!<sup>59</sup> Léirsrios ar an uaslathas Sóivéadach agus a chuid céimeanna is ord! Comhionannas pá níos fearr as gach cineál oibre!

Leathfaidh an choimhlint ar son saoirse na gceardchumann is na gcoistí monarchan, ar son ceart cruinnithe is saoirse na nuachtán, sa choimhlint ar son athnuachan agus forbairt an *daonlathais Shóivéadaigh*.<sup>60</sup>

In áit na sóivéidí mar eagrais aicmeacha, chuir an maorlathas finscéal na gcearta uilíocha vótála – ar nós Hitler is Göbbels. Caithfear, ní amháin a gcruth saor daonlathach ach a mbrí aicmeach freisin a

thabhairt ar ais do na sóivéidí. Ar an gcaoi chéanna a geoisctí an bhuirgíseacht is na cúlaici<sup>61</sup> ó na sóivéidí tráth, anois *caithfear an maorlathas agus an nua-uaslathas a dhíbirt ó na sóivéidí*. Níl áit sna sóivéidí ach d'ionadaithe na n-oibrithe, na ngnáthchomhfhairmeoirí, na dtuathánach agus fhir an Airm Dheirg.

Ní féidir na sóivéidí a dhéanamh daonlathach gan *páirtithe sóivéadacha a dhéanamh dlíthiúil*. Na hoibrithe is na tuathánaigh féin a shocróidh, lena saorvóta féin, cé na páirtithe a nglacann siad leo mar pháirtithe sóivéadacha.

Athchumadh an *gheilleagair phleanálte* ó bhun go barr ar mhaithe le táirgeoirí agus tomholtóirí! Ba chóir an ceart chun an táirgeadh a rialú a thabhairt ar ais do choistí monarchan. Ba chóir go rialódh comhar-chumann tomholtóirí, agus é eagraithe go daonlathach, cailíocht agus praghas na dtáirgí.

Atheagraítear na *comhfheirmeacha* de réir toil agus leas na n-oibrithe atá ag saothrú ansin!

Ba cheart polasaí an idirnáisiúnachais phrólatáirigh a chur in áit *polasaí idirnáisiúnta frithghníomhach* an mhaorlathais. Comhfhreagras taidhleoireachta na Creimile le foilsíú ina iomláine. *Léirsrios ar an taidhleoireacht rúndá!*

Gach triail pholaitiúil a chuir an maorlathas Teirmeadórach ar bun le hathbhreithniú, os comhair an phobail amach, ar oscailt don chonspóid, agus go hionraic. Caithfear pionós cóir a ghearradh ar an dream a d'eagraigh an brionnadh. Ní féidir an clár seo a chur i bhfeidhm gan an maorlathas a threascairt, maorlathas a chothaíonn é féin le foréigean is brionnadh. Éirí amach buach an phobail faoi chois amháin a fhéadfaidh an réimeas Sóivéadach a athbheochan agus a chinntíú go bhforbróidh sé leis i dtreo an tsóisialachais. Níl ach an t-aon pháirtí amháin atá in ann an pobal Sóivéadach a threorú chun éirí amach – páirtí an Cheathrú hIdirnáisiúntáin!

Léirsrios ar dhrong mhaorlathach Cháin/Stailín!

An daonlathas Sóivéadach abú!

An réabhlóid shóisialach idirnáisiúnta abú!

### **In aghaidh an deistapaíochais agus na hathchumadóireachta gan phrionsabail**

Leiríonn polaitiocht pháirtí Léon Blum sa Fhrainc arís nach bhfuil leasaitheoirí in ann dada a fhoghlaim, fiú ó na ceachtanna is tragóidí sa stair. Déanann Daonlathas Sóisialta na Fraince aithris għlan ar

pholaitíocht Dhaonlathas Sóisialta na Gearmáine agus an chríoch chéanna i ndán dó. Faoi cheann scór bliain nó mar sin bhí an Dara hÍdirnáisiúntán fite fuaite leis an réimeas daonlathach buirgéiseach, ina chuid de, déanta na firinne, agus é ag lobhadh in éineacht leis.

Tá an Triú hÍdirnáisiúntán tar éis bualadh chun bóthar an leasaitheachais tráth ar chuir géarchéim an chaipitleachais an réabhlóid phrólataireach ar chlár an lae go cinnte. Léiríonn polasaí an Idirnáisiúntáin Chumannaigh sa Spáinn is sa tSín inniu – polasaí na lútála roimh an mbuirgéiseacht ‘dhaonlathach’ agus ‘náisiúnta’ – nach bhfuil an tIdirnáisiúntán Cumannach in ann athrú ná a thuilleadh a fhoghlaim ach oiread. An maorlathas a d’éisigh ina fhórsa frithghníomhach in APSS, ní féidir leis páirt réabhlóideach a dhéanamh ar an láthair dhomhanda.

Tá an sindeacáiteachas ainrialach<sup>62</sup> i gcoitinne tar éis dul trána leithéid chéanna d’éabhlóid. Sa Fhrainc, is fada ó d’éisigh maorlathas sindeacáiteach Léon Jouhaux<sup>63</sup> ina ghníomhaire buirgéiseach san aicme oibre. Sa Spáinn, chuir an sindeacáiteachas ainrialach de a chuid réabhlóideachais, mar dhea, agus rinne an cùigí rotha i gcarbad an daonlathais bhuirgéisigh.

Níl in eagraíochtaí idir eatarthu an mheánachais, timpeall Biúró Londan,<sup>64</sup> ach eireabaill ‘ar chlé’ de chuid an Daonlathais Shóisialta nó an Idirnáisiúntáin Chumannaigh. Tá léirithe acu nach bhfuil siad in ann bun ná barr a dhéanamh den staid pholaitiúil ar chor ar bith ná tábal réabhlóideach a bhaint aisti. Ba é POUM na Spáinne a mbuaic, páirtí nach raibh in ann cloí le line réabhlóideach i gcúinsí réabhlóideacha ar chor ar bith.

Rinne na díomuanna tragóideacha a d’fhulaing prólatáireacht an domhain ar feadh blianta fada na heagraíochtaí oifigiúla a dhaoradh chun coimeádachais ba mhó fós, agus san am céanna, ‘réabhlóidití’ mionbhuirgéiseacha meallta a chur ar lorg ‘bealaí nua’. Mar a tharlaíonn i gcónai i dtrémhsí frithghnímh is meatha, tagann soidéalaigh is potrálaithe i láthair ar gach taobh, agus fonn orthu cúrsa na smaointeoireachta réabhlóidí ar fad a athchumadh. Seachas foghlaim ón am atá caite, ‘diúltáíonn’ siad dó. Aimsíonn cuid acu neamhsheasmhacht an Mharxachais, agus fógraíonn cuid eile turnamh an Bhoilséiveachais. Tá daoine ann a chuireann milleán ar an teagasc réabhlóideach as botúin is coireanna an dreama a d’fheall air; agus daoine eile a chuireann mallacht ar an gcógas mar nach gcinntíonn sé leigheas míorúilteach ar an bpoinse. Geallann an dream is dána síobh uile-íoc a aimsiú, ag

moladh stad a chur le coimhlint na n-aicmí roimh ré dá bharr. Tá roinnt mhaith d'fháithe na ‘nua-mhoráltachta’ ag ullmhú chun gluaiseacht an lucht oibre a athnuachan le cúnamh luibh na heitice. Tá éirithe le formhór na n-aspal seo bacaigh mhorálta a dhéanamh díobh féin roimh láthair an chatha a bhaint amach. Ar an gcaoi seo, faoi scáth ‘bealaí nua’, taigtear don phrólatáireacht seanoidis a bhí curtha le fada i gcartlann an tsóisialachais réamh-Mharxaigh.

Fógraíonn an Ceathrú hIdirnáisiúntán cogadh go himirt anama ar mhaorlathais an Dara is an Triú hIdirnáisiúntán, ar idirnáisiúntán Amstardam is an t-idirnáisiúntán sindeacáiteach ainrialach, agus a lucht coimhdeachta meánach; ar an leasaitheachas gan leasuithe; ar an daonlathas i gcomhpháirt leis an GPU; ar an síochánachas gan síocháin; ar an ainrialachas i seirbhís na buirgéiseachta; ar ‘réabhlóidithe’ a bhfuil eagla a n-anama orthu roimh réabhlóid. Ní gealladh an ama le teacht atá sna heagraíochtaí seo uile ach iarsmaí lofa an ama atá caite. Dófaidh ré na gcogaí is na réabhlóidí go talamh iad.

Ní lorgaíonn ná ní chumann an Ceathrú hIdirnáisiúntán uile-fóca. Glacann sé a sheasamh go hiomlán ar an Marxachas mar an aon teagasc réabhlóideach a chuireann ar chumas duine an fhírinne a thuiscint, cúis na ndíomuanna a aimsiú, agus ullmhú in aon turas don chumhacht. Leanann an Ceathrú hIdirnáisiúntán de thraigisíún an Bhoilséiveachais arb é is túisce a thaispeáin don phrólatáireacht an chaoi leis an gcumhacht a ghabháil. Scuabann an Ceathrú hIdirnáisiúntán chun bealaigh na soidéalaigh, na potrálaithe, oidí gan iarraidh na moráltachta. I sochaí atá bunaithe ar an dúshaothrú, is í moráltacht na réabhlóide sóisialta an mhoráltacht is airde. Is maith gach modh a ardaíonn tuiscint aicmeach na n-oibrithe, a muinín as a gcumais féin, a bhfonn féiníobartha sa choimhlint. Is iad na modhanna a chuireann síol na heagla is na géilliúlachta sa phobal faoi leatrom roimh lucht an leatrom na modhanna nach ceadmhach, modhanna a mhilleann sprid na hagóide is na feirge, nó a chuireann toil na gceannairí in áit toil an phobail, an t-éigean in áit na tola, sluaghriosú is ciontú bréige in áit anailís na firinne. Sin é an fáth a bhfuil an Daonlathas Sóisialta – i mbréagriocht an Mharxachais – agus an Stailineachas – malairt ghlan an Bhoilséiveachais – mar naimhde go bás araon don réabhlóid phrólatáireach agus a moráltacht.

Aghaidh chóir a thabhairt ar an bhfírinne; gan slí na saoráide a lorg; rudaí a ghlaoch ina n-ainm; an fhírinne a rá leis an bpobal, dá sheirbhe í; gan eagla a bheith orainn roimh chonstaicí; a bheith fíor i dtaobh rudaí

beaga chomh maith le rudaí móra; an clár a bhunú ar chiall choimhlint na n-aicmí; a bheith dána nuair a thagann uair an ghnímh – seo iad rialacha an Cheathrú hIdirnáisiúntán. Tá léirithe aige go bhféadfadh sé snamh in aghaidh easa. Béarfaidh an tonn stairiúil seo chugainn léi ar a barr é.

### In aghaidh an tseicteachais

Faoi anáil an fhill atá déanta ag eagraíochtaí stairiúla na prólatáireachta, tagann meoin is grúpaí seicteacha áirithe de chineálacha éagsúla chun cinn ar imeall an Cheathrú hIdirnáisiúntán, nó athnuaitear iad. Diúltú dul chun coimhlinte ar son páirtéileamh is idiréileamh is bun leo .i. ar son bunleasanna is bunriachtanais an phobal oibre mar atá inniu. Is ionann leis na seictigh ullmhú na réabhlóide agus feabhas an tsóisialachais a chur ina luí orthu féin. Tá sé i gceist acu cún a thabhairt leis na ‘sean’-cheardchumainn .i. leis na scórtha mílte oibrithe eagraithe – amhail is go bhféadfadh an pobal maireachtáil taobh amuigh de chuínsí choimhlint na n-aicmí mar atá ar chaoi éigin! Is cuma leo an choimhlint istigh in eagraíochtaí leasaitheacha – amhail is go bhféadfai an pobal a thabhairt linn gan páirt a ghlacadh ina stró laethúil! Diúltáonn siad idirdhealú idir an daonlathas buirgéiseach agus an faisisteachas – amhail is go bhféadfadh an pobal gan an difríocht a bhrath le gach cor!

Níl seictigh in ann aithint ach idir dhá dhath: dearg agus dubh. Le nach gcuirfear cathú orthu, simplíonn siad an fhírinne. Diúltáonn siad idirdhealú idir na campaí troda sa Spáinn ar an gcúis go bhfuil nádúr buirgéiseach ag an dá champa. Ar an gcúis chéanna, dar leo gur gá fanacht ‘neodrach’ sa chogadh idir an tSeapáin agus an tSín. Séanann siad an difríocht prionsabail idir APSS agus na tíortha impiriúlacháin, agus de bharr polasaithe frithghníomhacha an mhaorlathais Shóivéadaigh diúltáonn siad na cruthanna nua seilbhe a thug Réabhlóid Dheireadh Fómhair a chosaint in aghaidh ionsaithe an impiriúlachais. Níl siad in ann teagmháil a dhéanamh leis an bpobal, agus mar sin cuireann siad i leith an phobail go díbhircéach nach féidir leo arda na smaointe réabhlóideacha a bhaint amach.

De ghnáth ní bhíonn droichead, i gcruth idiréileamh, de dhíth ar na polaiteoirí seasca seo mar nach bhfuil sé i gceist acu dul trasna go dtí an bruach thall. Ní dhéanann siad ach moilleadóireacht in áit amháin, agus is leor leo aithris ar an mbeagchaint theibí cheannann chéanna. Ní údar gnímh ach údar cainte acu cúrsáí polaitiúla. Ó tharla go mbaineann an

saol tuisle as seictigh le gach cor, ós tuaipléirí is míorúilteoirí de gach cineál iad go hiondúil, bíonn síormhearbhall orthu, ag clamhsán faoin ‘réimeas’ is na ‘modhanna’, ag únfairt gan stad i mionuisce faoi thalamh. I measc a ndreamanna féin, réimeas smachtach is nós leo. Tá sléachtadh polaitiúil an tseicteachais mar an leath eile, ar nós scátha, ar shláchtadh an deistapaíochais, gan aon radharc réabhlóideach a léiriú. Sa pholaitíocht phraiticiúil, cuireann seictigh le chéile le deistapaithe, le lucht meánachais go háirithe, sa choimhlint in aghaidh an Mharxachais i gcónai.

Bíonn beatha ‘neamhspleách’ mar eagraiochtaí ag formhór na grúpaí is na mbaicí seicteacha, beo ar na grabhróga a thiteann de bhord an Cheathrú hIdirnáisiúntán de thimpiste, gaisce mór uathu gan seans ar bith go n-éireoidh leo. Is réidh ó Bhoilséivigh Leinineacha na grúpaí seo a fhágáil i muinín a gcinniúna, gan am a chur amú. Bíonn claonta seicteacha le fáil inár measc féin, áfach, agus drochthionchar acu ar obair na rann ar leith. Ní féidir comhréiteach a dhéanamh leo a thuilleadh, ar feadh lae féin. Tá polasaí ceart maidir leis na ceard-chumainn ina bhunchoinníoll le cloí leis an gCeathrú hIdirnáisiúntán. An té nach lorgaonn ná nach n-aimsíonn an bóthar go dtí an pobal, ní trodaí ach tromualach ar an bpáirtí é. Ní i gcomhair bord eagarthóireachta ná ceannairí clubanna cainte a chuirtear clár le chéile, ach i gcomhair gníomh réabhlóideach na milliún. Tá glanadh an tseicteachais is na seicteach gan leigheas amach as an gCeathrú hIdirnáisiúntán ina phríomhchoinníoll le rath réabhlóideach.

### Fág an bealach ag an mbanoibrí! Fág an bealach ag an aos óg!

Cloí Réabhlóid na Spáinne agus sin beartaithe ag a cuid ‘ceannairí’, cliseadh náireach Fhronta an Phobail sa Fhrainc, agus nochtadh an chaimiléireacht cúirte i Moscó – buaileann na trí rud seo ina n-iomláine buille doleigheasta ar an Idirnáisiúntán Cumannach agus, dála an scéil, créachta domhaine ar a chomhghuaillithe: na Daonlathaith Sóisialta agus na Sindeacáitithe Ainrialacha. Ní hionann seo agus a rá go gcasfaidh baill na n-eagraiochtaí seo chuig an gCeathrú hIdirnáisiúntán ar an bpointe, ar ndóigh. Fágfaidh líon suntasach den tseanghlúin an ghluaiseacht, agus díomuanna uafásacha fulaingthe acu. Lena chois sin, is cinnte nach bhfuil an Ceathrú hIdirnáisiúntán ag dréim le bheith ina thearmann do bhacaigh na réabhlóide, maorlathaigh is sáracháin mheallta. A mhalaírt, is gá dianchéimeanna chun cosc a chur le gnéithe mionbhuirgeiseacha, atá i réim i ngléasra na seaneagraiochtaíanois, a

d'fhéadfadh rith isteach inár bpáirtí: tréimhse fhada phromhaidh d'iarrthóirí nach oibrithe iad, go háirithe iarmhaorlathaigh páirtí; cosc ar aon phost mórchúraim a ghlacadh go ceann trí bliana, srl. Níl ná ní bheidh áit ar bith do shárracháin, othras na sean-Idirnáisiúntán, sa Cheathrú hIdirnáisiúntán. Ní bhfaighidh bealach isteach chugainn ach iad siúd arb áil leo a bheith beo ar son na gluaiseachta, seachas a bheith beo ar an ngluaiseacht. Ba cheart go n-aireoidh na hoibrithe réabhlóideacha gurb iad atá i gceannas. Tá doirse ár n-eagraiochta ar leathadh siar dóibhsean.

Fiú i measc na n-oibrithe a bhí ar an gcéad tosach tráth, ar ndóigh, is iomaí duine a bhfuil tuirse is mearbhall air. Fanfaidh siad, go ceann tamall ar a laghad, mar lucht féachana. Nuair a chaitear clár nó eagraíocht, caitear in éineacht leis an ghlúin a d'iompair ar a guaillí é. Is iad an t-aos óg, saor ó mhilleán an ama atá caite, a athnuann an ghluaiseacht. Tugann an Ceathrú hIdirnáisiúntán aird faoi leith ar aos óg na prólatáireachta. Déanann a chuid polasaithe uile a ndícheall an t-aos óg a spreagadh le muinín as a neart fén agus as an am le teacht. Díograis úr agus sprid throdach an aosa óig amháin a fhéadfaidh na chéad buanna sa choimhlint a chinntí; féadfaidh na buanna seo na gnéithe is fearr den tseanghlúin a thabhairt ar ais ar bhóthar na réabhlóide. Sin mar a bhí, agus sin mar a bheidh.

Is dual d'eagraíochtaí deistapaíocha a bpríomhaidh a thabhairt ar shraitheanna uachtair an aicme oibre, agus neamhaidh a thabhairt ar an aos óg is an banoibrí dá bharr. Ar an mbean, mar shaothráí pá agus mar bhean tí, a bhuailéann meath an chaipitleachais na buillí is troime, áfach. Ba cheart do ranna an Cheathrú hIdirnáisiúntán bunús tacáiochta a lorg i measc na sraitheanna is mó faoi chois den aicme oibre, agus dá thoradh sin i measc na mbanoibrithe. Anseo gheobhaidh siad taiscí dúthrachta, neamhleithlis agus fonn íobartha gan teorainn.

*Léirsrios ar na maorlathaigh agus na sáracháin! Fág an bealach ag an aos óg! Cas chuig an mbanoibrí! Tá na manai seo greanta ar bhratach an Cheathrú hIdirnáisiúntán. Faoi bhratach an Cheathrú hIdirnáisiúntán!*

### Faoi bhratach an Cheathrú hIdirnáisiúntán

Fiafrídh lucht an amhras: Ach an bhfuil an uair tagtha fós leis an gCeathrú hIdirnáisiúntán a chur ar bun? Ní féidir, a deir siad, Idirnáisiúntán a chur ar bun ‘go saorga’; ní féidir leis eascairt ach ó imeachtaí móra, srl. Ní chruthaíonn na ceisteanna seo ar fad ach nach

bhfuil aon mhaith i lucht an amhrais chun Idirnáisiúntán nua a thógáil. Is ar éigean má tá maith ar bith iontu.

Tá an Ceathrú hIdirnáisiúntán tar éis eascairt ó imeachtaí móra cheana féin: na díomuanna is mó a bhain don phrólatáireacht i rith a staire. Tá cuis na ndíomuanna seo le fáil i meath agus feall na sean-cheannaireachta. Ní fhulaingíonn coimhlint na n-aicmí sos. Tá an Tríu hIdirnáisiúntán, ar nós an Dara hIdirnáisiúntán, marbh ó thaobh na réabhlóide de. Go maire an Ceathrú hIdirnáisiúntán!

Ach an bhfuil an t-am tagtha le fógairet go bhfuil sé ar bun? ...níl lucht an amhrais ina dtost fós. Is é ár bhfreagra nach gá an Ceathrú hIdirnáisiúntán a ‘fhógairet’. Tá sé ann agus tá sé ag troid. An bhfuil sé lag? Tá: ní líommhar a chuid ranganna mar gur óg atá sé fós. Is caidrí den chuid is mó iad go fóill. Ach gealltanais don am le teacht is ea na caidrí seo. Taobh amuigh de na caidrí seo, níl oiread agus sruth réabhlóideach amháin ar an bpláinéad seo ar fiú an t-ainm é. Más lag é líon an Idirnáisiúntáin seo againne, is láidir a theagasc, a chhlár, a thraigisiún, faghairt dhosháraithe a chuid caidrí. An té nach léir sin dó inniu, seasadh sé i leataobh go fóill. Is léire fós a bheidh sé amárrach.

Inniu féin, tá fuath don Cheathrú hIdirnáisiúntán ag na Stailmigh, na Daonlathaithe Sóisialta, na liobrálaithe buirgéiseacha is na faisistithe, agus ábhar acu. Níl áit ar bith dó in aon cheann de Fhrontaí an Phobail, ná ní féidir go mbeidh. Tugann sé cath gan cheathrú anama do gach grúpa polaitiúil atá ar teaghrán ag an mbuirgéiseacht. A chúram: ceannas an chaipitleachais a chur ar ceal. A chuspóir: an sóisialachas. A mhodh: réabhlóid na prólatáireachta.

Gan daonlathas inmheánach, ní hann don oiliúint réabhlóideach. Gan smacht, ní hann don ghníomh réabhlóideach. Tá struchtúr inmheánach an Cheathrú hIdirnáisiúntán bunaithe ar phrionsabail an *lárnochais dhaonlathaigh*: lánsaoirse díospóireachta, lánaontas gnímh.

Is í géarchéim cheannaireacht na prólatáireachta í géarchéim an ama i láthair i gcultúr an duine. Léiríonn na hoibrithe tosaigh, agus iad aontaithe sa Cheathrú hIdirnáisiúntán, an bealach amach as an ngéarchéim dá n-aicme. Tairgeann siad clár atá bunaithe ar thaithí idirnáisiúnta i geoimhlint saoirse na prólatáireachta agus na ndaoine faoi chois ar fud an domhain. Tairgeann siad bratach gan smál.

A oibrithe na dtíortha go léir – idir fhír agus mhgná – seasaigí faoi bhratach an Cheathrú hIdirnáisiúntán. Is í bratach an bhua atá chugaibh í!

## Nótaí

<sup>1</sup> An faisisteachas: An cruth polaitiúil a ghlaicann rialtais chaipitleachas nuair is léir dóibh gur gá a goárás eacnamaíochta a chosaint ar oibrithre na tire agus nach féidir leo a dtacaíocht a cheannach le leasuithe sóisialta. Scriostar eagraíochtaí uile an aicme oibre go corportha ann, agus an stát ag cur corporáidí ilaicmeacha ina n-áit.

<sup>2</sup> An ‘Beart Nua’: Polasaí a chuir rialtas Franklin Roosevelt sna Stáit Aontaithe (féach nota 18) i bhfeidhm, arbh é spreagadh an chaipitleachais ag tionscadail fóirthintí ba bhun leo. Níorbh é seo ach an méadú ar tháirgeadh arm mar ullmhú leis an dara cogadh domhanda a thug an lánfhostaiocht ar ais i Meiriceá.

<sup>3</sup> Fronta an Phobail: Cúrsa nua ag an Idirnáisiúntán Cumannach (féach nota 12) faoi cheannas Stailin (féach nota 15), a cuireadh in áit sheicteachas ‘an Tríú Tréimhse’ (féach nota 52), agus ar glacadh leis go foirmiúil ag a sheachtú comhdháil, an ceann deireanach, mí Lúnasa 1935. In áit na Páirtithe Cumannacha a scoitheadh ó gach eagraíocht eile de chuid an aicme oibre nach raibh faoina smacht, mhol sé comhaontais leasaitheacha idir páirtithe na n-oibrithre agus páirtithe liobrálacha buirgéisearcha. I ndáiríre, b'ionann seo agus lámh pháirtithe na n-oibrithre a cheangal is iad ag plé leis na liobrálaithe, mar a tharla sa Spáinn (1936-9), sa Fhrainc (1936-8), agus níos deireanaí sa tSile (1970-3), ag dí-armáil na n-oibrithre ó thaobh na polaitíochta de agus iad ag cur in aghaidh an fhaisisteachais ba namhaid do Fhrontáí an Phobail, dar leo féin.

<sup>4</sup> An Aetóip: Ó 1934 go 1936 throid an Iodáil fhaisisteach feachtas míleata leis an Aetóip a ghabháil, ainneoin Conradh na Náisiún a bheith ina coinne. D'éirigh leis an ionsáí, tharla nár chuir an Conradh ola san áireamh ina bhaghcheat ar earraí na hIodáile.

<sup>5</sup> An Spáinn: Ó 1936 bhí poblacht na Spáinne faoi ionsáí ag giunta míleata a chuir cogadh cathartha leis an daonlathas a threascait ann. Le cabhair na gcumhactaí faisisteacha, an Iodáil is an Ghearmáin, agus láncosc a chuir na himpíríúlaithe liobrálacha ar chúnamh, dhírigh rialtas Fronta Pobail na poblachta (a raibh na Cumannaigh ann ó 1937) ar iarrachtaí fánacha liobrálaithe sa bhaile is i gcéin a mhealladh, agus cloíodh í i 1939.

<sup>6</sup> An Cianoirtheá: I 1931 ghabh arm na Seapáine an Mhanchúir ón tSín, ag cur rialtas soip isteach. I 1937 leathnaigh a ionsai go dtí an mhórthír. Sa dá chás, ní dhearna Conradh na Náisiún, faoi cheannas na liobrálaithe, dada.

<sup>7</sup> Lá na hEorpa: I 1933 ghabh pártí Naitsíoch Hitler (féach nota 44) an chumhacht sa Ghearmáin, le cúnamh easpa gnímh na bpáirtithe buirgéisearcha agus sheicteachas straitéis ‘an Tríú Tréimhse’ ag Idirnáisiúntán Cumannach Stailin. I 1938 nasc an Ghearmáin Naitsíoch leis an Ostair agus chaith súil i dtreo stát na Seicslóvaice.

<sup>8</sup> Aibreán 1931: Bhí tacáiocht do monarcacht smachtach na Spáinne lagaithe ag an ngéarchéim dhomhanda eacnamaíochta gur ghéill sí cumhacht do phoblacht bhuirgéisearach in Aibreán 1931, agus eagraíochtaí na n-oibrithre scoilte rómhór leis an gcumhacht stáit a éileamh.

<sup>9</sup> Lucht an POUM: Baill is lucht tacáiochta an Partit Obrer d’Unificació Marxista (Páirtí Oibrithre an Aontais Mharxaigh), cumasc de chumannaithe a bhí in aghaidh an Stailineachais ón eite chlé (lucht Throtscáil) agus ón eite dheis a bunaoth sa Chatalón i 1935 ainneoin Trotscáil a bheith ina choinne. D'iarr seisean an POUM a thabhairt ar thaobh an Cheathrú hildirnáisiúntán, ach bhris sé gach caidreamh leo nuair a chuaigh siad isteach i rialtas Fronta Pobail chúige na Catalóine mí Mheán Fómhair 1936. Chuir an rialtas céanna, faoi thionchar Stailineach, an POUM faoi chois mí Bhealtaine 1937.

<sup>10</sup> Sindeacáitithe: Iad siúd a shamhláigh an aicme oibre ag baint na cumhacta den bhuirgéisearach le holleagraíocht cheardchumainn gan ceannaireacht aon phártí pholaitiúil.

<sup>11</sup> An CIO: An Congress of Industrial Organizations, a díbríodh ó Chónaídhm Lucht

Oibre Mheiriceá i 1938 de bharr a mhíleata is a bhí sé. D'athaontódh an dá chomhdháil i 1955.

<sup>12</sup> An tIdirnáisiúntán Cumannach: Páirtí Cumannach na Rúise a thionscnaigh an Triú hIdirnáisiúntán (mar a thugtaí air freisin) i 1919 in áit an Idirnáisiúntáin Shóisialach (an Dara hIdirnáisiúntán) a thit as a chéile nuair a thacaigh formhór a lucht tacáiochta lena dtíortha féin sa chéad chogadh domhanda. Tar éis a cheathrú comhdháil i 1922 tháinig sé faoi smacht mhaorlathas an Aontais Shóivéadaigh agus Stailín ar a gceann, a leag polasaithe ar gcúl air, iad bunaithe ar an smaoineamh go bhféadfáí socháil shóisialach a chur ar bun in aon tir amháin. Chuir Trotscaí in aghaidh na bpolasaithe seo, ag fanacht dílis don Idirnáisiúntán go dtí 1933, nuair a cuireadh ina luí air, de thoradh an choisc a chuir a straitéis ar Pháirtí Cumannach na Gearmáine na Naitsithe a stopadh ón geumhacht a ghabháil, go raibh sé ó mhaith ar nós an idirnáisiúntáin a chuaigh roimhe. Mar sin, thosaigh sé féin is a lucht leanúna ag ullmhú i gcomhair an Cheathrú hIdirnáisiúntán, a bunaíodh i 1938 agus *An tIdirchláir* mar chápéis bhunaidh aige. Scoireadh an tIdirnáisiúntán Cumannach i 1943 mar chomhartha deاثola le comhghuaillithe caipitleacha na Rúise sa chogadh ar an nGearmáin Naitsioch.

<sup>13</sup> Caipín na Frigia: Caipín na saoirse, an caipín cónach a bhain le cathracha poblachtacha na Gréige roimh Alastar Mór. Ghlac saoránaigh na Fraince réabhlóidí leis agus rinneadh comhartha poblachtachais de.

<sup>14</sup> Blum: Ba é Léon Blum (1872-1950) ceannaire Pháirtí Sóisialach na Fraince, agus príomh-aire ar dhá rialtas de chuid Fronta an Phobail (1936-7, 1938). Tar éis an dara cogadh domhanda, bhí sé i gceannas ar rialtas Fronta Pobail eile i 1946-7.

<sup>15</sup> Stailín: Iósaf Stailín (Diúgaisvíl, 1878-1953, cé go maíodh sé féin gur in 1879 a rugadh é), ardrúnai Pháirtí Cumannach na Rúise agus ansin Páirtí Cumannach an Aontais Shóivéadaigh ó 1922, agus ionadaí an mhaorlathais sheadánaigh a neadaigh sa stát sin de thoradh an chogaidh chathartha i ndiaidh na réabhlóide ann. Agus eagla air roimh Throitscaí, thochail sé smaointe seanchaite éagsúla as mála ceirteacha an tsóisialachais, go háirithe miotas an tsóisialachais in aon tir amháin.

<sup>16</sup> Ré an chaipitleachais fhórásaithe: Ainneoin an dúshaothrú a bhain leis, bhí caipitleachas an naoú céad déag forásach sa mhéid gur fhorbair sé cumais tárgthe an chine dhaonna. Mhoilligh a leithéid d'fhorbairt sa chéad ina dhiaidh sin de réir mar a bhog an bhrabúsacht ón déantúsaiocht go dtí an mhargáil airgeadais, inar mhó an infheistiocht agus ar lú an táirge.

<sup>17</sup> Sa dréacht Rúisise tá giota breise anseo: "tráth a mbaineann an bhuirgéiseacht lena lámh dheas i gcoíní dhá oiread a dtugann sé lena lámh chlé (cánacha, táillí, boilsciú, 'dí-bhoilsciú', praghsanna arda, difhostaíocht, maoirseacht na bpóilíni ar stailceanna)".

<sup>18</sup> Roosevelt: Ba é Franklin Delano Roosevelt (1882-1945) uachtaráin na Stát Aontaithe idir 1933 is 1945. Toghadh É le cur in aghaidh an lagrá eacnamaíochta, agus chuir sé sráth leasaithe i bhfeidhm ar tugadh an 'Beart Nua' orthu (féach nota 2).

<sup>19</sup> Na '60' nó an '200 Teaghlaich': Na grúpaí de theaghlaigh mhóra bhuirgéiseacha sna Stát Aontaithe agus sa Fhraine faoi seach, olagarcachtaí móra na dtíortha sin.

<sup>20</sup> An Dara agus an Triú hIdirnáisiúntán: Féach nota 12. Athbhunaíodh an Dara hIdirnáisiúntán tar éis an chéad chogadh domhanda i 1923, agus arís tar éis an dara cogadh domhanda i 1951. Faoin am sin ní raibh ann ach eireaball ar impriúlachas Mheiriceá.

<sup>21</sup> Ainrialaithe: Daoine a mholann socháil a chuirfí ar bun ag gníomh spontáineach na n-oibrithe, iad ag briseadh an stáit caipitleigh agus ag cur gréasán de chomúin ina áit. Bolscaireacht ainrialach a spreag Laethanta an Iúil (féach nota 34).

<sup>22</sup> Engels: Ba é Friedrich Engels (1820-95) cara agus comhoibri Karl Marx, agus cáil áirithe ar a leabhair *Anti-Dühring* agus *Bunús an Teaghlaigh, an tSealúchais Phríobháidigh agus an Stáit*.

<sup>23</sup> Boilséiveach Leinineach: An t-ainm oifigiúil ar na teoiricí ar fearr aithne orthu mar theoricí Trotscaocha.

<sup>24</sup> An Rúnaíocht Idirnáisiúnta: Eagras treoraithe na gluaiseachta Boilséiví Leininí.

<sup>25</sup> An maorlathas Teirmeadóra: Gléasra stát APSS faoi cheannas Stailín (féach nota 15) tar éis bás Leinin i 1924. Is comparáid é seo leis an réimeas a threascair Robespierre mí Theirmeadóra 1794, de réir féilire réabhlóid na Fraince, ach nár scrios príomhbhúanna na réabhlóide buirgéisí. Bhí Trotscaí ag cur béim ar an gcaoi ar fhan frithréabhlóid Stailín taobh istigh de theorainneacha bhuanna eacnamaíochta réabhlóid na Rúise (caidreamh náisiúnaithe sealúchais).

<sup>26</sup> Na leamh-aithriseoirí: Téarma a mbaineadh Trotscaí leas as go tarcaisneach le béim a chur ar an gcaoi nach raibh ar bun ag Stailín agus a chairde ach iarracht lorg Leinin a leanúint gan samhlaocht (agus gan rath).

<sup>27</sup> Brí dhaonlathach amháin i. brí bhuirgéiseach: An modh rialaithe glanpholaitiúil a bhíonn ag an mbuirgéiseach i bhformhór na dtíortha caipitleacha, bunreacht parlaiminteach seachas deachtóireacht.

<sup>28</sup> Meinséivigh: An Páirtí Daonlathach Sóisialta a sheas in aghaidh na mBoilséiveach sa Rúis Shárrach ó 1903. Chreid sé go dtiocfadh an sóisialachas chun na Rúise i ndiaidh leasuithe daonlathacha buirgéiseacha a chuirfeadh an bhuirgéiseach liobrálach i bhfeidhm. Mar sin, thacaigh sé leis an Rialtas Sealadach caipitleach, agus ansin chuaigh sé isteach ann, idir titim an tSárachais agus réabhlóid Dheireadh Fómhair.

<sup>29</sup> Réabhlóidithe Sóisialta: Páirtí daonlathach sóisialta neamh-Mharxach faoin Sárachas, bunaithe ar na tuathánaigh arbh iad formhór mhuintir na Rúise iad. Thosaigh sé ag scoilt de réir a dhearcaidh ar an Rialtas Sealadach, ceannairí a eite deise ag tacú leis, ach a eite chlé ag dul i gcomhar leis na Boilséivigh. Ar feadh tamall thar éis mí Dheireadh Fómhair nasc na Réabhlóidithe Sóisialta ar chlé leis na Boilséivigh, ach scar siad leo nuair a rinne siad síocháin leis an nGearmáin, a bhformhór ag cur ar son na frithréabhlóide sa chogadh cathartha.

<sup>30</sup> Páirtí Cumannach na Síne i 1925-7: Rinne an páirtí seo de réir orduithe an Idirnáisiúntaí Chumannaigh (féach nota 12) agus é ag teacht faoi smacht Stailín, agus chuir é fén faoi réir an Kuomintang (féach nota 42), ag múchadh na míleatachta i measc oibrithe is tuathánach, nó gur mharraighe a chomhghuaillí a phríomhchaidir i 1927.

<sup>31</sup> ‘Fronta an Phobail’ sa Spáinn, sa Frainc: Féach nota 3.

<sup>32</sup> An bhuirgéiseach liobrálach: Téarma polaitiúil ar leith ar an gcuid sin den bhuirgéiseach arbh fhéarr leo rialtas daonlathach bunreachtúil ar a stát caipitleach. Ní hionann é agus baothchaínt eacnamaíochta nua-liobrálachas an lae inniu.

<sup>33</sup> Daonlathaithe Bunreachtúla (liobrálaithe): Páirtí na heite clé den bhuirgéiseach liobrálach sa Rúis Shárrach, a mholt monarchacht bhunreachtúil daonlathach. Chun tosaigh sna chéad mhíonna den rialtas sealadach i 1917, ach chaill sé tacaíocht de bharr a bheith ar son an chogaidh agus polasaithe coimeádacha eacnamaíochta, agus bhí na Meinséivigh is na Réabhlóidithe Sóisialta (féach notaí 28 agus 29) ag breith air sular scuab Réabhlóid Dheireadh Fómhair den chumhacht iad.

<sup>34</sup> Laethanta an Iúil: Mí Iúil 1917, chuir fórsaí an Rialtais Shealadaigh léirsíú de chuid oibrithe is saighdiúirí na Rúise faoi chois, ag cur cún ar ghabháil na cumhachta ag na hoibrithe.

<sup>35</sup> An Dara hildirnáisiúntán, an Tríú hildirnáisiúntán, agus Idirnáisiúntán Amstardam: Maidir leis an gcéad phéire, féach notaí 12 agus 20. Ba í Cónaídhm Idirnáisiúnta na gCeardchumann, lonnaithe in Amstardam, Idirnáisiúntán Amstardam.

<sup>36</sup> Sóivéidi: Comhthionól réigiúnacha oibrithe, cosúil le comhairlí ceardchumann ó

thaobh crutha de, a bunaíodh sa Rúis i 1905 (féach nota 39). Athbheodh mí Feabhra 1917 iad, ag leathnú go dtí na fórsaí armtha. Rinne siad cion mór i dtreascairte an tSárachais, agus ag gabháil cumhachta dá n-ardchomhairle mí Dheireadh Fómhair. Ina dhiaidh sin chuir Stailín i leataobh iad agus é ag cruinniú cumhachta sa Pháirtí Cumannach (Boilséiveach mar a bhí) faoina smacht.

<sup>37</sup> Mana an Chomhthionól Náisiúnta (nó an Comhthionól Bunreachta): Mana daonlathach buirgéisearch a chuirtear chun cinn i dtíortha gan daonlathas. Ní leor ann fén le é le fadhbanna na stát seo a shárú.

<sup>38</sup> Foirmle na réabhlóide buaine: Nath straitéisearch a chum Karl Marx is Friedrich Engels in 1850. D'fhorbair Trotcaí i 1905 é le béim a chur ar an gcaoi nár bh fhéidir leis an mbuirgéisearch éilimh dhaonlathacha buirgéisearcha a shásamh i gceart, ach go bhféadfadh an aicme oibre sin a dhéanamh le cúnamh na dtuathánach, agus iachall orthu dul thar éilimh dá leithéid ansin is éilimh shóisialacha a chur i gníomh.

<sup>39</sup> 1905: Réabhlóid dhaonlathach, spreagtha ag cogadh tubaisteach na Rúise leis an Seapáin. Réamhléiriú feistithe ar réabhlóid 1917, i ndáiríre.

<sup>40</sup> Feabhra 1917 (de réir an tseanfhéilire): Ceannairc de thoradh na ngéarchéimeanna a d'eascair ón gcéad chogadh domhanda. Threascair na hoibrithe an Sár, ach ní raibh siad eagraithe sách maith leis an gcumhacht stáit a ghabháil, a chuaigh chuig an mbuirgéisearch liobrálach, nó a hionadaithe sa Rialtas Sealachad. Níor bh fhéidir leis cosc a chur leis na sóivéidí (féach nota 36), áfach, a d'éirigh níos láidé mfileataí.

<sup>41</sup> Deireadh Fómhair 1917 (de réir an tseanfhéilire): An réabhlóid inar threoraidh na Boilséivigh na hoibrithe, agus a lucht tacáiochta i measc na dtuathánach, leis an gcumhacht stáit a ghabháil sa Rúis.

<sup>42</sup> An Kuomintang: Páirtí náisiúnach buirgéisearch sa tSín a bhunaigh Sun Yatsen, a cheannaire go dtí a bhás i 1925. D'iionsaigh a chomharba Chiang Kai-shek Cumannaigh na Síne go fealltach, ag déanamh sléacht ar na milte oibrithe is tuathánach. Ó 1937 chuaigh an Kuomintang i gcomhar arís leis na Cumannaigh, a ghabh an chumhacht stáit i 1949. Theith an Kuomintang lena anam go dtí an Téaváin, le cabhair Mheiriceá.

<sup>43</sup> Cogadh na Síne is na Seapáine: Thosaigh sé le hionradh arm na Seapáine ar an Manchúir i 1931, ag géarú i 1937 nuair a rinne sé ionradh ar mhórthír na Síne. Fronta sa dara cogadh domhanda a bhí ann ó 1941.

<sup>44</sup> Hitler: Adolf Hitler (1889-1945), ceannaire (Führer) Pháirtí Sóisialach Náisiúnta Oibrithe na Gearmáine, na Naitsithe, páirtithe sárfhaisisteach ciníoch. Seansailéir agus deachtoir na Gearmáine ó 1933 go dtí a bhás.

<sup>45</sup> Thälmann: Ernst Thälmann (1887-1944), gníomhaí agus iarrthóir uachtaráinachta (i 1925 agus 1932) de chuid Pháirtí Cumannach na Gearmáine. Mar cheannaire ó 1929 chloigh sé leis an líne a leag Stailín síos don 'Triú Tréimhse' (féach nota 52), gan oibríú leis na daonlathaithe sóisialta in aghaidh na Naitsithe ar an mbonn nach raibh sna daonlathaithe sóisialta ach 'faisistithe sóisialta' a bhí níos contúirtí. Dúnmharaíodh i sluchampa Naitsíoch É.

<sup>46</sup> Mussolini: Benito Mussolini (1883-1945), an chéad fhaisistí. Daonlathai sóisialta a scar le páirtí na hlodáile de bharr a thacaiochta leis an gcéad chogadh domhanda. Bhunaigh sé an Páirtí Faisisteach i 1919 agus d'ionramháil sé chun a bheith ina phríomh-aire ó 1922 go 1943. Chuir Pairtíigh chun bás é.

<sup>47</sup> An Sárachas: An mhónarcacht absalóideach a rialaigh impireacht na Rúise go dtí 1917.

<sup>48</sup> Común Pháras: An chéad (chathair-)stát de chuid na n-oibrithe, a bunaíodh in 1871 tar éis titim an Dara hImpireacht Napóileánach. Mhair sé dhá mhí ach níor bh fhéidir leis leathnú thar Pháras, agus scrios arm phoblacht nua chaipitleach na Fraince (an Tríú Poblacht) é.

Rinne Marx anailís air in *An Cogadh Cathartha sa Fhrainc*, ar tharraing Leinin air ina leabhar *An Stát agus Réabhlóid*.

<sup>49</sup> Bascadh oibrithe na hOstaire: I 1934 chuir seansailéir na hOstaire, Engelbert Dollfuß (1892-1934) trúpaí chun daingne ghluaiseacht oibrithe na hOstaire sa Vín a scrios. Shíl ceannairí daonlathacha sóisialta na n-oibrithe nárbh fhéidir baint dá gcuid institiúidi, ach baineadh mealladh astu. Dhúnmharaigh Naitsithe Dollfuß go gairid ina dhiaidh sin, ach bhí sé tar éis lagú ar an mbunús le cur i gcoinne gabháil na hOstaire ag Hitler i 1938.

<sup>50</sup> Göbbels: Joseph Göbbels (1897-1945), aire Naitsioch bolscaireachta na Gearmáine.

<sup>51</sup> Corpán Weimar: Ba é Weimar príomhchathair stát Gearmánach Saxe-Weimar agus an file ildánach Goethe ina phríomh-aire air. Tar éis titim impireacht na Gearmáine tháinig liobrálaithe na Gearmáine le chéile ann i 1919 le bunreacht poblachta a dhréachtadh, tharla go raibh sé i bhfad ó Bheirlín ‘dearg’ agus go raibh Goethe ina phearsa mhór de chuid aois na tuisceana sa Ghearmáin. (Níor tugadh faoi deara, is cosúil, nach ndeachaigh tuiscint Goethe chomh fada leis an daonlathas, na an bunreachtlúchás féin.) Mhair ‘Poblacht Weimar’ a tháinig as gur tháinig Hitler (féach nota 44) i gcumhacht, ag cur a bunreachta ar ceal, i ndairire, le hAcht Údaraithe a thug údarás deachtóra dó.

<sup>52</sup> An ‘Tríú Tréimhse’: Ba é buaic scéimre Stailin (féach nota 15) i 1928 go raibh tréimhse an chobhsaithe i gcogadh idirnáisiúnta na n-aicmí (an Dara Tréimhse) thart – ba í tréimhse na réabhlóidí i ndiaidh an chogaidh an Chéad Tréimhse – agus go raibh deireadh an chaipitleachais ar ghort an bhaile. B’ionann seo aige agus éiri as comhaontais fronta aontaithe (féach nota 57) leis na daonlathaithe sóisialta go leanfadh páirtithe an Idirnáisiúnta Chumannaigh dá gcúrsa féin. Tar éis do Hitler teacht i gcumhacht, caitheadh an straitéis seo i dtiraípí ar chúla téarmaí. Ag an seachtú comhdháil dhomhanda den Idirnáisiúnta Cumannach i 1935 cuireadh straitéis Fhronta an Phobail (féach nota 3) ina háit go haondeonach.

<sup>53</sup> Trialacha Mhoscó: Sraith trialacha bréige (1936-9) agus Trotscáí mar phríomhchosantoir, gan a bheith i láthair. B’eadan poiblí iad ar sceimhle fhorleathan Theirméadórách, ag diriú go háirthe ar naimhde Stailin i measc na gceannairí de chuid an Pháirtí Bhoilséivigh is Réabhlóid Dheireadh Fómhair a bhí beo fós.

<sup>54</sup> Ignace Reiss: Poiretsccí (1899-1937), gníomhaire de chuid GPU Stailin (féach nota 58) a scar leis i 1937 is a chuaigh i bpáirt leis na Boilséivigh Leinineacha. Mharaigh a sheanchomhghleacaithe é an bhlíain chéanna.

<sup>55</sup> F Búiteáncó: Feddar Búiteáncó, oifigeach in ambasáid an Aontais Shóivéadaigh sa Rómáin a theith chun níl dhoileá i 1937, ag fógairt gurbh fhaisistí é.

<sup>56</sup> Bónapartach: Téarma a bhaintear as stair iar-réabhlóide na Fraince, ag cur síos ar dheachtóireacht mhíshocair de chuid an chaipitleachais fhorásaithe (féach nota 16) ag fáil tacailochta ó idirshraitheanna na socháin (tuathánaigh agus mionbhuirgéiseach) mar a rinne na hímpíri Bonaparte, Napoléon I agus Napoléon II. Bhí baile Stailin (ar nós straitheanna ceannais stáit eile de chuid na n-oibrithe ina dhiaidh) éagsúil ón ngnáthaicme cheannais chaipitleach sa mhéid gur caidreamh sóisialach táirgthe a bhí faoina riar agus gur sa mhaorlathas stáit a riar é a bhí a phríomhbhunús. D’idirdhealaigh Trotscáí an Bónapartachas ón bhfaisisteachas (féach nota 1) mar gur deachtóireacht de chuid an chaipitleachais i léig é an faisisteachas, agus gur nós dó a bheith níos neamhthírcáirí ná an seanleagan.

<sup>57</sup> ‘Fronta aontaithe’: Straitéis ar ghlac an triú comhdháil den Idirnáisiúnta Cumannach léi, comhghníomhaíocht ar cheisteanna áirithe a thionscnamh leis na daonlathaithe sóisialta chun a léiriú go praiticiúl nach leor iad.

<sup>58</sup> An GPU: Póilíni polaitiúla an Aontais Shóivéadaigh (an Coimisiún Urghnáach chun Frithréabhlóid is Sabaitéireacht a Chosc roimhe sin, an KGB ina dhiaidh) ar bhain Stailin is a

oidhrí úsáid astu le aon duine nár aontaigh leo a chur faoi chois.

<sup>59</sup> An Stachanofachas: Modh maorlathach Stailineach leis an táirgeadh a luasghéarú le pribhléidí breise do cheannairí meitheacha rathúla, ar leagadh síos mar norm ansin an méid a bhain siad amach. Ainmnithe as an mianadóir Aindré Stachanof, an chéad duine a roghnaiodh dó i 1937.

<sup>60</sup> An daonlathas Sóivéadach: B'ionann seo agus údarás na sóivéidi (féach nota 36) ar an stát a chur i bhfeidhm arís, an t-údarás a bhí bainte díobh ag maorlathas an Pháirtí Chumannaigh. Faoina leithéid d'údarás bheadh ceart ann pairtithe seachas na Cumannaigh a chur ar bun agus seasamh i dtoghcháin.

<sup>61</sup> Na cúalaici: Tuathánaigh sa Rúis a bhí saibhir go leor le lucht oibre a fhostú ar a gcuid tailte. Tar éis bás Leinin, thathain Stailin agus an maorlathas orthu iad féin a shaibhriú, ach d'éiligh na cúalaici níos mó cumhactha lena gcuid táirgí a dhíol mar thráchttearraí, rud a bhagair ar údarás mhaorlathas na linne. Choinnigh na cúalaici a gcuid stoic siar, agus chuir Stailin an t-arm is an GPU (féach nota 58) chun breith orthu de lámh láidir. Rinneadh sléacht dá thoradh ar chúalaici agus tuathánaigh níos lú.

<sup>62</sup> An sindeacáiteachas ainrialach: Crosphórú idir an t-ainrialachas (féach nota 21) agus an sindeacáiteachas (féach nota 10) a chreideann go mbainfear an tsochaí shóisialach amach is go scriosfar an stát le gníomhaíocht spontáineach oibrithe agus iad eagraithe mar thionscal-chumannaith seachas ina bpobail áitiúla.

<sup>63</sup> Léon Jouhaux (1879-1954): Ardrúnai chomhdhail cheardchumann na Fraince, an Confédération Générale du Travail (CGT), 1909-40. Ina shindeacáití (féach nota 10) ar dtús, ach thacaigh sé le cogadh na Fraince ó 1914 agus bhí ina cheannaire neamhpholaitiúil ceardchumainn as sin. Tar éis 1945, ghlac lucht Stailin an CGT ar láimh.

<sup>64</sup> Biúró Londan: An láirionad idirnáisiúntá ag ceann de na hiarrachtaí ar 'an dara hidirnáisiúntán go leith', mar a tugadh air, a chur ar bun i measc páirtithe sóisialacha ar theastaigh uathu an tríú bealach (an ceathrú bealach, i ndáiríre, tar éis 1938) a aimsiú chun an sóisialachas a bhaint amach, ag diúltú don daonlathas sóisialta agus don Trotcaíochas nó an Stailineachas. Bunaodh i 1932 é, agus ina measc bhí Independent Labour Party na Breataine (an t-ósteagras), Sozialistische Arbeiterpartei na Gearmáine, agus níos deireanaí an POUM (féach nota 9) is Parti Socialiste Ouvrier et Paysan na Fraince. Niorbh fhéidir leis aon bhonn teoiriciúil a fháil ach diúltú do na hidirnáisiúntaile, agus thit sé as a chéile i 1939 le teacht an dara cogadh domhanda.



Bhí Leon Trotscaí ar phríomhcheannairí réabhlóid na Rúise i 1917, réabhlóid a thug dóchas do dhaoine ar fud an domhain go bhféadfaí saol nua a thógail ar fhothrach an chaipitleachais i ndiaidh an chéad chogadh domhanda. Scór bliain ina dhiaidh, áfach, ní hamhlaidh a bhí. Bhí deiseanna réabhlóideacha i dtíortha éagsúla, ach níor tapaíodh iad. Sa Rúis féin, bhí dream faoi cheannas Stailín i gcumhacht agus iad ag satailt ar idéil na réabhlóide. Bhí Trotscaí féin díbrithe chomh fada le Meicsiceo acu.

Ach níor thréig Trotscaí aisling na réabhlóide, go bhféadfadh lucht oibre an domhain deireadh a chur leis an gcorás éagórách a bhí ag milleadh an domhain. Throid sé chun an aisling sin a choinneáil beo, agus d'iarr sé daoine a eagrú chun cur ar a son. I 1938 scríobh sé **An tIdirchlár**, chun nasc a dhéanamh idir gnáthchathanna an lae agus mórchuspóir na réabhlóide.

Tá **An tIdirchlár** ina threoir ag réabhlóidithe ar fud an domhain le 75 bliana anuas, agus é aitheanta ar cháipéisí móra an tsóisialachais. Cuirtear ar fáil i nGaeilge anseo é, den chéad uair. Anois agus lochtanna an chórais chaipitligh ag teacht chun cinn arís, is fiú aird a thabhairt air.